

# Tuarascáil Bhliantúil 2020

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

# Clár na nÁbhar


Comh-Réamhrá ó Chathaoirleach an Bhoird agus ón bPríomhfheidhmeannach 2

Faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí 5

Barr Feabhais san Earcaíocht a Sholáthar 12

Ár nDaoine, ár nEagraíocht agus ár gCultúr a Fhorbairt 30

Comhpháirtí ar féidir Brath air 40

Rialachas Corparáideach 44

Aguisín I - Achoimre ar Ghníomhaíochta Earcaíochta sa bhliain 2020 57

Aguisín II – Tuairisciú Inbhuanaitheachta 58

Aguisín III – Ráiteas Airgeadais agus Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais 60

# Comh-Réamhrá ó Chathaoirleach an Bhoird agus ón bPríomhfheidhmeannach

Bliain dhúshlánach a bhí inti don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP), agus muid ag iarraidh dul i ngleic go héifeachtach leis an bpaindéim, agus, ag an am céanna, ag iarraidh a chinntiú go ndearnadh an tionchar ar chliaint, ar iarrthóirí, ar bhaill foirne agus ar an rialachas sa tSCP a bhainistiú go cúramach.

Is eagraíocht an-cheangailte í an tSCP agus tá cultúr láidir comhoibrithe agus pobail inti. D'athraigh an phaindéim an chaoi a n-oibríonn an tSCP thar oíche agus d'aithníomar an tábhacht a bhaineann le teagmháil láidir agus ceangail láidre idir baill foirne agus an eagraíocht a choinneáil de réir mar a chuaigh cúrsaí ar aghaidh. Le linn na paindéime, tá an tSCP tar éis tús áite a thabhairt do shláinte, do shábháilteacht agus do leas an lucht saothair agus rinne baill foirne líon mór oibre a láimhseáil ar ardchaighdeán le linn tréimhse dúshlánaí.

Tá tiomantas láidir do chomhoibriú tras-eagraíochta mar chuid lárnach dár bhfreagairt ar an bpaindéim, chun réitigh a dhearadh i gcomhar le baill foirne ar fud na heagraíochta. Chabhraigh an cur chuige seo linn leibhéil airde rannpháirtíochta, chruthaitheachta agus nuálaíochta a spreagadh agus lig sé don tSCP freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus dul i ngleic chomh sciobtha agus is féidir de réir mar a théann cúrsaí ar aghaidh.

D'éirigh leis an tSCP réitigh dhigiteacha chruthaitheacha a chur i bhfeidhm a chabhraigh léi oibriú le linn na paindéime. Is údar mór bróid é dúinn gur éirigh leis an tSCP dul ar aghaidh lenár bpróisis earcaíochta agus roghnaithe, de réir Chóid Chleachtais an CCSP, in ainneoin na ndúshlán éagsúil a bhí romhainn.

Bhí orainn cumas na heagraíochta i dtaca leis an soláthar digiteach a mhéadú agus athchóiriú a dhéanamh ar na príomhphróisis ghnó uilig. Toisc gur bhog muid go múnla oibríochta a bhí go hiomlán ar líne, bhí muid in ann caighdeáin an tsoláthair seirbhíse a chothabháil agus a fheabhsú.

Bhí an bhliain 2020 an-dúshlánach chomh maith do bhaill de bhoird roghnaithe agus d'Ionadaithe na SCP a bhí ar bhoird roghnaithe, mar gheall go raibh orthu dul i dtaithí go sciobtha le hagallimh ó chian do gach staid den phróiseas roghnaithe. Agus tacaíocht á fáil acu ón tSCP, chuaigh baill de bhoird roghnaithe i

ngleic leis an dúshlán seo agus lean siad orthu chun seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dúinne agus dár n-iarrthóirí.

Trí chomhoibriú a dhéanamh le cliaint agus le hiarrthóirí le linn na paindéime, tá muid tar éis a chinntiú go bhfuil an custaiméir fós ag croílár na hoibre a dhéanaimid, agus lorg muid agus thug muid freagra ar aiseolas ó chustaiméirí i rith an ama.

Foilsíodh ár Ráiteas nua Straitéise (NUA) 2020-2023 in 2020 chomh maith, i ndiaidh próisis chuimsithigh forbartha straitéise, ina ndearnadh anailís chuimsitheach ar an gcomhthéacs timpeallachta agus ina ndearnadh an-chuid teagmhála le páirtithe leasmhara. Mar chuid den phróiseas seo, shocraigh muid misean, fís agus luachanna don tSCP chun tosaíochtaí straitéiseacha agus chun cinntí a threorú, mar aon le treo na SCP le linn thréimhse na Straitéise seo. Forbraíodh creatlach cuimsitheach forfheidhmithe chun tacú leis an straitéis a sholáthar agus cinnteoidh straitéis teagmhála go mbeidh an eagraíocht ceangailte leis na tosaíochtaí straitéiseacha le linn thréimhse na straitéise.

Tá sé mar aidhm againn aitheantas poiblí níos láidre a fhorbairt don eagraíocht chun buíon tallainne ar ardchaighdeán, ina bhfuil níos mó éagsúlachta le brath, a mhealladh. Chuige sin, rinne muid forbairt shuntasach ar ár gcur chuige i leith na Margaíochta agus na Cumarsáide agus i leith an Chomhionannais agus an Chuimsithe in 2020. Lig sé sin dúinn ár gcumas teagmháil a dhéanamh leis an sprioclucht is leithne is féidir faoi na róil éagsúla atá ar fáil againn a mhéadú chun daoine cumasacha a mhealladh.

Is cuid lárnach de straitéis na SCP í buíon iarrthóirí a bhfuil éagsúlacht le brath inti a mhealladh agus tá sé sin mar bhonn faoinár gcuir chuige i leith teagmhála agus oibre for-rochtana i dtaca le polasaithe, agus chuaigh sé sin ar aghaidh in 2020. Leag ár Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe, a cuireadh i gcrích in 2020, plean amach don tSCP sa réimse seo do na trí bliana amach romhainn.

Ní bheimis in ann an méid seo a dhéanamh gan an treoir agus an tacaíocht a fuair muid ó bhaill de Bhord na SCP agus ón gCoiste Iniúchta chun a chinntiú gur lean muid orainn ag cloí leis na caighdeáin rialachais is airde maidir lenár ndualgais reachtúla roghnaithe agus earcaíochta seirbhíse poiblí agus maidir le seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcliaint agus dár gcustaiméirí i rith na tréimhse dúshlánaí seo. Tá muid an-bhuíoch díobh as an gcaoi ar chuir siad lenár rath.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le hiarbhall de Bhord na SCP, Barry Quinlan, as an obair a rinne sé leis an tSCP i rith na tréimhse a chaith sé linn, agus ba mhaith linn fáilte a chur roimh Mary Hurley chuig Bord na SCP.

**Shirley Comerford, Príomhfheidhmeannach na SCP** **Tom Moran, Cathaoirleach an Bhoird**

# Faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an soláthraí seirbhíse earcaíochta agus acmhainní d'eagraíochtaí cliaint sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Tá sí freagrach as iarrthóirí den scoth a aimsiú, a mheas agus a sholáthar do chliaint sa tseirbhís phoiblí. Reáchtálann sí réimse leathan de chomórtais earcaíochta 'oscailte' agus de chomórtais ardaithe céime 'idir-rannacha' do chliaint sa tseirbhís phoiblí. Díríonn gníomhaíochtaí na SCP go háirithe ar iarrthóirí a aimsiú do róil sa Státseirbhís; do na róil is sinsearaí in Údaráis Áitiúla; do róil do Ghardaí faoi oiliúint don Gharda Síochána; agus do phoist éagsúla bhainistíochta, feidhmiúcháin agus speisialtachta sa tseirbhís phoiblí. Tá ról tábhachtach ag an tSeirbhís um Cheapcháin Phoiblí chomh maith maidir le daoine oiriúnacha a aithint do Bhoird Stáit.

Déantar earcaíocht don státseirbhís agus do roinnt foras poiblí eile faoi na hAchtanna um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004-2013. Oibríonn an tSeirbhís um Cheapcháin faoi cheadúnas ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus tá sí neamhspleách ina cuid oibre. Agus próisis earcaíochta agus roghnaithe á reáchtáil aici, cloíonn an tSCP leis na Cóid Chleachtais a fhoilsíonn an CCSP, a chinntíonn go bhfuil próisis atá cothrom agus oscailte i bhfeidhm. Sa chás nach bhfuil na Cóid i bhfeidhm, cloíonn an tSCP leis na príomhphrionsabail chéanna chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.

Sa bhliain 2020, phróiseáil an tSCP os cionn 85,931 iarratas, reáchtáil sí os cionn 9,481 agallamh agus rinne sí beagnach 5,240 ceapachán i róil chasta éagsúla in eagraíochtaí cliaint éagsúla.

## *Spriocanna Straitéiseacha agus Príomhthreochtaí in 2020*

**Spriocanna Straitéiseacha**

Léirítear spriocanna straitéisecha na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí thíos.




Foilsíodh na spriocanna seo sa Ráiteas Straitéise (Nua) 2020-2023, a sheol an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Michael McGrath, go hoifigiúil ar an 19 Deireadh Fómhair 2020. Chun an Straitéis a fhorbairt, lean muid próiseas cuimsitheach forbartha straitéise, ina ndearnadh anailís chuimsitheach ar an gcomhthéacs timpeallachta agus ina ndearnadh an-chuid teagmhála le páirtithe leasmhara, agus bhí lúba aiseolais mar chuid den phróiseas. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar mhisean, ar fhís agus ar luachanna na SCP.

Forbraíodh creatlach cuimsitheach feidhmithe chun tacú leis an straitéis a sholáthar agus cinnteoidh straitéis teagmhála go mbeidh an eagraíocht ceangailte leis na tosaíochtaí straitéiseacha le linn thréimhse na straitéise. Aithníonn an creatlach feidhmithe comharthaí sóirt a mbainfidh an tSCP úsáid astu le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn le linn thréimhse na straitéise. Forbraíodh clár eolais feidhmíochta eagraíochta chun feidhmíocht eagraíochta a thomhas agus tuairisciú uirthi. Léiríonn clár oibre straitéiseach plean maidir leis an gcaoi a bhfuil sé i gceist ag an tSCP a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach thar seacht sruth oibre, agus déantar cur síos ar na tionscadail, na tionscnaimh agus na modhanna nua oibre a chuireann an tSCP ar fáil. Is iad seo a leanas na sruthanna oibre:

| |
|---|
| **An Custaiméir ag croílár na hoibre - ár bpróisis agus ár ndearadh seirbhíse a fheabhsú** |
| **Lonnú sa Mhargadh** |
| **Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú** |
| **Dearadh agus Forbairt Eagraíochta** |
| **Athchóiriú Digiteach** |
| **Ár Spásanna Oibre a Athrú** |
| **Ár Seirbhís Earcaíochta agus Chomhairleach a Fhorbairt** |

Mar aon leis an gclár oibre straitéiseach, cuireadh tús le trí phríomhthionscadal straitéiseacha:


- Athchóiriú digiteach ar ardán earcaíochta na SCP (NOVA)
- Athchóiriú ar fhoirgneamh na SCP (Áras na Caibidle)
- Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Soláthrófar na tionscadail seo trí chreatlach Bainistíochta Tionscadail, a thagann le Creatlach Bainistíochta Tionscadail na Seirbhíse Poiblí agus a fhaigheann tacaíocht ó Thacar Bainistíochta Tionscadail ar leith a bhaineann leis an tSCP.

## *Príomhthreochtaí in 2020*


Bliain dhúshlánach a bhí inti don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP), agus muid ag iarraidh dul i ngleic go héifeachtach leis an bpaindéim, agus, ag an am céanna, ag iarraidh a chinntiú go ndearnadh an tionchar ar chliaint, ar iarrthóirí, ar bhaill foirne agus ar an rialachas sa tSCP a bhainistiú go cúramach.


Leiríonn an tábla thíos scála na ngníomhaíochtaí earcaíochta agus na cineálacha gníomhaíochtaí earcaíochta ar tugadh futhú.






| | Trialacha ar Líne | Feitheoireacht ó Chian | Trialacha faoi Mhaoirseacht | Gearrliostú Zoom | Gearrliostú | Físagallaimh Aisioncronacha | Agallaimh Zoom | Agallaimh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2020 | 56,416 | 13,323 | 1,130 | 8,814 | 1,427 | 2,967 | 4,932 | 4,549 |
| 2019 | 38,633 | 1,784 | 14,236 | - | 14,760 | 1,656 | 25 | 14,401 |

Léiríonn na táblaí thíos an ghníomhaíocht in 2020, i gcomparáid leis an ngníomhaíocht in 2018 agus in 2019.






### *Soláthar Earcaíochta in 2020*

I mí an Mhárta 2020, chuir an tSCP bearta éagsúla i bhfeidhm chun cabhrú léi oibriú le linn na paindéime. Fobraíodh na bearta seo de réir treoirlínte sláinte poiblí agus de réir gach ceiste sláinte agus sábháilteachta (lena n-áirítear an dualgas cúraim atá orainn i dtaca le cliaint, le hiarrthóirí agus le baill foirne), chun a chinntiú go mbeadh an tSCP in ann seirbhísí earcaíochta a chur ar fáil don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí agus dul ar aghaidh le comórtais de réir Chóid Chleachtais an CCSP.

Déantar gach gníomhaíocht ó chian faoi láthair, agus tá an áis físchomhdhála *Zoom* in úsáid ag an tSCP chun agallaimh ó chian a reáchtáil. Cuireadh réimse beart i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an agallóireacht ar líne sábháilte, slán, agus so-úsáidte do bhaill na mbord roghnaithe agus do chliaint, agus gur féidir í a úsáid mar uirlis mheasúnaithe chuí agus iontaofa. Tá ag éirí go maith leis an agallóireacht ar líne agus cuireann sí próiseas measúnaithe leanúnach, inrochtana ar fáil nach gá dúinn a athrú de réir mar a athraítear na srianta dianghlasála atá i bhfeidhm.

Baineadh úsáid as eolas inrochtana agus cothrom le dáta d'iarrthóirí agus do chliaint chun tacú le tionscnaimh na SCP. D'fhorbair an tSCP micreashuíomh ar publicjobs.ie, ar a bhfuil an t-eolas is déanaí faoi chomórtais earcaíochta, Ceisteanna Coitianta agus sonraí teagmhála d'fhiosrúcháin.

D'fhorbair an tSCP roinnt tacaíochtaí do bhaill de bhoird roghnaithe (agallóirí) agus d'iarrthóirí a bhfuil baint acu leis an bpróiseas. Tá na nithe seo a leanas san áireamh sna tacaíochtaí a cuireadh i bhfeidhm:

- Comhairle maidir leis an gCosaint Sonraí do Bhaill de Bhoird Roghnaithe
- Treoirlínte maidir le hAgallaimh ó Chian do Bhaill de Bhoird Roghnaithe agus d'Ionadaithe na SCP
- Físeán Oiliúna do Bhaill de Bhoird Roghnaithe – Agallaimh ó Chian
- Tástáil Réamhagallaimh do Bhaill de Bhoird Roghnaithe

- Tástáil Réamhagallaimh d'iarrthóirí

Cuireadh comhfhreagras ar leith le chéile chomh maith agus seoladh chuig ár gcliaint chun a chinntiú gur coimeádadh cliaint ar an eolas, le linn tréimhse ina raibh cúrsaí ag síorathrú.

***Líon na bhFeachtas***

Bhí líon na bhfeachtas in 2020, 358, ag teacht, ar an mórgóir, leis an ngníomhaíocht in 2019, inar cuireadh tús le 380 feachtas earcaíochta. Léirigh sé sin, i bhfianaise thionchar phaindéim Covid-19 ón dara ráithe den bhliain 2020 ar aghaidh, leibhéal suntasach de ghníomhaíocht leanúnach earcaíochta sa tSCP anuraidh.

***Líon na nAgallamh a Reáchtáladh***

In ainneoin go raibh srianta i bhfeidhm maidir le gníomhaíocht agallóireachta aghaidh ar aghaidh ó mhí an Mhárta ar aghaidh, reáchtáladh líon suntasach agallamh, 9,481 san iomlán, cé gur tháinig laghdú ar líon na n-agallamh, i gcomparáid le líon na n-agallamh a reáchtáladh an bhliain roimhe sin, 14,401. Léiríonn sé sin tionchar na paindéime, gur thóg sé roinnt ama chun múnla oibríochta iomlán na SCP a athrú ó mhúnla ina ndéantar agallaimh aghaidh ar aghaidh go múnla ina ndéantar agallaimh ó chian, agus cúinsí ama maidir le comórtais ina mbíonn líon mór iarratas a reáchtáil. Tháinig méadú ar líon na n-agallamh aisioncronach (déanann iarrthóirí freagraí ar cheisteanna ar leith a thaifeadadh agus cuireann siad isteach iad) a rinneadh in 2020 (2,967) i gcomparáid le figiúirí 2019 (1,656), méadú de bheagnach 80%. Ar dtús, baineadh úsáid as agallaimh den chineál seo le 'físghearrliostú' a dhéanamh, ach, de réir a chéile, tá níos mó úsáide á baint astu in ionad staid an réamhagallaimh.

Mar gheall gur bhog muid go múnla earcaíochta atá á treorú ag an éileamh do na comórtais ina mbíonn líon mór iarratais, ina mbíonn nasc díreach idir líon na n-iarrthóirí a fhaigheann cuireadh chun agallaimh agus folúntais ar leith, reáchtáladh níos lú agallamh ná mar a reáchtálfaí roimhe seo chun painéil mhóra d'iarrthóirí oiriúnacha a chur le chéile.

***Líon na gCeapachán a Rinneadh***

Léiríonn an laghdú i líon na gceapachán, ó 9,615 in 2019 go 5,240 in 2020, tionchar na paindéime, go háirithe sa dara ráithe, mar gheall gur tháinig laghdú ar an éileamh toisc go raibh drogall ar an-chuid cliant baill foirne nua a ionduchtú ó chian ar dtús. Tháinig méadú mór ar an éileamh sa tríú agus sa cheathrú ráithe, áfach.

***Tástáil ar líne***

Tháinig méadú ar líon na dtástálacha oibiachtúla a rinneadh ó chian, ó 38,633 tástáil in 2019 go 56,416 in 2020, méadú de 46%.  Táthar ag súil leis go léireofar an méadú suntasach seo i dtástálacha ar líne a rinne cuardaitheoirí poist i líon na n-agallamh agus i líon na gceapachán le linn 2021.

# Barr feabhais san Earcaíocht a Sholáthar

| An Custaiméir ag croílár na hoibre - ár bpróisis agus ár ndearadh seirbhíse a fheabhsú<br>Lonnú sa Mhargadh<br>Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú |
|---|

## *An Custaiméir ag croílár na hoibre - ár bpróisis agus ár ndearadh seirbhíse a fheabhsú*

Tá sé mar aidhm ag an tSCP próiseas measúnaithe den chéad scoth a chur ar fáil, a ndéanann na forbairtí, an taighde agus an tagarmharcáil idirnáisiúnta is déanaí eolas dó. Tá líonrú le Síceolaithe Oibre agus Eagraíochta idirnáisiúnta i réimse na hearcaíochta san áireamh, lena n-áirítear an Oifig Comh-Aireachta agus an Coláiste Póilíneachta sa RA, le Selor sa Bheilg agus le baill d'eagraíochtaí AE agus d'fhorais idirnáisiúnta ar fud an domhain.

De bharr thionchar Covid-19, cuireadh isteach go tobann ar mhúnla gnó na SCP agus cuireadh dúshláin mhóra romhainn maidir le seirbhís earcaíochta ar ardchaighdeán a sholáthar do chliaint. Ag an am céanna, bhí géarghá ann le hacmhainní daonna a chur ar fáil do róil ar fud na seirbhíse poiblí, a bhí fíorthábhachtach maidir le dul i ngleic leis an bpaindéim dhomhanda. Bhí dúshláin nach raibh a leithéid ann riamh cheana roimh an tSCP, i dtaca leis an measúnú ó chian. Cé go raibh bonn maith ag an tSCP maidir le tástálacha ar líne a úsáid, taithí mhaith ar an bhfeitheoireacht ó chian, agus cé go raibh sí tar éis tús a chur le hAgallaimh thaifeadta/aisioncronacha a úsáid ar roinnt feachtas píolóta, bhí sé an-deacair an t-athrú chuig measúnuithe a dhéantar go hiomlán ar líne a dhéanamh. Chun gníomhaíocht earcaíochta a choinneáil, thug an tSCP tús áite do theicneolaíocht físe a úsáid chun bogadh ón ngearrliostú chuig agallaimh ar líne.

Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú ar gach comórtas chun an chaoi is fearr le measúnú a dhéanamh ar na scileanna agus ar na hinniúlachtaí riachtanacha a fhorbairt sa timpeallacht nua, ag cinntiú go raibh áit lárnach ag an gcomhionannas, an éagsulacht agus an gcuimsiú sna cuir chuige a glacadh leo. Mar aon le feitheoireacht ó chian nó óstáil ar líne a chur i bhfeidhm do réimse measúnuithe, d'fhorbair an tSCP réimse nua de chuir chuige. San áireamh sna measúnuithe a cuireadh ar fáil ar líne, bhí agallaimh aisioncronacha,

cuir i láthair, rólimirtí agus tástáil ar líne faoi mhaoirseacht. Bhí orainn cumas na heagraíochta i dtaca leis an soláthar digiteach a mhéadú agus athchóiriú a dhéanamh ar na príomhphróisis ghnó uilig.

De bharr an leibhéil athraithe nach raibh a leithéid ann riamh cheana, rinne an tSCP a dícheall chun a chinntiú go raibh riachtanais na n-iarrthóirí agus na mball de bhoird roghnaithe chun tosaigh nuair a bhí roghanna inmharthana á meas. Dheimhnigh suirbhéanna le páirtithe leasmhara leibhéal ard sásaimh leis na próisis nua i measc ball de bhoird agus iarrthóirí. Chun freastal ar riachtanais na n-iarrthóirí, na mball de bhoird agus na gcliant, d'fhorbair an tSCP foireann tacaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear físeáin oiliúna, cáipéisí treorach agus ardán do mheantóireacht aghaidh ar aghaidh i dtaca le conas teicneolaíocht físe a úsáid.

Ina theannta sin, chruthaigh an tSCP dhá mhodúl ríomhfhoghlama bunaithe ar an gCur Síos Poist/Sonraí an Duine agus ar an nGearrliostú, a roinneadh chomh maith le cliaint.




Mar gheall ar an athrú ó mhúnla ar páipéar, den chuid is mó, go múnla oibríochta ar líne, bhí an tSCP in ann caighdeáin an tsoláthair seirbhíse a chothabháil agus a fheabhsú, i roinnt réimsí. Trí chomhoibriú a dhéanamh le cliaint agus le hiarrthóirí le linn na paindéime, tá muid tar éis a chinntiú go bhfuil an custaiméir fós ag croílár na hoibre a dhéanaimid. Gan amhras, tá an chaoi ar cuireadh isteach ar ár bpróisis tar éis ár gcumas digitithe a mhéadú go suntasach agus beidh tionchar leanúnach aige sin ar réimse na hearcaíochta.

Mar aon le glacadh le modhanna éagsúla measúnaithe, tháinig méadú suntasach ar líon na n-iarratas a fuair an tSCP do róil éagsúla i bhfeachtais earcaíochta éagsúla in 2020 (méadú de 50% i bhfeachtais áirithe). Leanfaidh an tSCP léi ag cinntiú go mbeidh an eagraíocht solúbtha agus gníomhach maidir le glacadh le múnlaí measúnaithe, de réir mar is cuí, le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán nua seo.

### *Earcaíocht Ghairmiúil agus Theicniúil*

Bhí an t-éileamh ó eagraíochtaí cliaint ard i rith 2020 d'fheachtais earcaíochta agus roghnaithe do róil Ghairmiúla agus Theicniúla. Maidir leis an earcaíocht Ghairmiúil agus Theicniúil, ba chuid shuntasach den earcaíocht don bhliain 2020 iad na comórtais do róil speisialtachta, a mheall líon mór iarratas. Baineadh úsáid as na comórtais mhóra seo le painéil a chur le chéile, de ghnáth, ónar féidir gach cliant folúntais a

líonadh, lena n-áirítear róil éagsúla TFC agus chuntasóra, agus comórtais eile, m.sh. Maor Caomhantais, a lig do chliaint folúntais a líonadh in áiteanna éagsúla. Ina theannta sin, fógraíodh comórtais níos speisialaithe nó uathúla, lena n-áirítear Feidhmeannach Dlí don Choimisiún um Chosaint Sonraí agus Síceolaí Oideachais sa tSeirbhís Náisiúnta Sícleaíochta Oideachais. Mar a pléadh cheana féin, tháinig a lán dúshlán nua chun tosaigh in 2020, lena n-áirítear an gá lena chinntiú go raibh na hacmhainní cuí ag an tSeirbhís Phoiblí chun tacú le muintir na hÉireann le linn phaindéim Covid19 agus go raibh na hacmhainní cuí aici chun dul i ngleic le tionchar an Bhreatimeachta. Mar thoradh air sin, reáchtáil an fheidhm earcaíochta do róil Ghairmiúla agus Theicniúla roinnt feachtas earcaíochta do FSS, mar aon le dul ar aghaidh le roinnt comórtas tábhachtach don Roinn Talmhaíochta, lena n-áirítear Cigire Cúnta Talmhaíochta agus Cigire Tréidliachta. Tugtar tús áite do na riachtanais seo sa tír go fóill agus beidh siad mar réimse suntasach oibre don Earcaíocht Ghairmiúil agus Theicniúil in 2021.

Fógraíodh 52 chomórtas Ghairmiúla agus Theicniúla le linn 2020 (agus mheall siad os cionn 13,000 iarrthóir) agus rinneadh os cionn 500 ceapachán in eagraíochtaí cliaint le linn na bliana.

### *Earcaíocht Líon Mór Iarratas*

Ag tús na bliana 2020, bhí painéil d'iarrthóirí i bhfeidhm d'fholúntais i ngnáthghráid éagsúla. Ar dtús, sa chéad ráithe, bhí an t-éileamh mar an gcéanna leis an éileamh sa cheathrú ráithe in 2019. Ó mhí an Mhárta go mí Bealtaine, áfach, tháinig moilliú ar an éileamh de réir mar a chuaigh eagraíochtaí cliaint i ngleic leis na srianta a cuireadh i bhfeidhm de bharr na freagartha ar an bpaindéim agus de réir mar a rinne siad bainistíocht ar an obair ó chian d'fhostaithe a bhí ann cheana féin. Tháinig méadú suntasach ar an éileamh i mí an Mheithimh, áfach, agus lean an méadú seo don bhliain ar fad ina dhiaidh sin.

Fógraíodh comórtais nua in 2020, lena n-áirítear comórtas Náisiúnta d'Oifigigh Chléireachais, comórtas do Phríomhoifigh Chúnta, comórtas d'Oifigigh Feidhmiúcháin, comórtas d'Ardoifigigh Feidhmiúcháin, poist do Chéimithe agus comórtas d'Oifigigh Chléireachtais Shealadacha. Cuireadh cur chuige a bhí á threorú ag an éileamh i bhfeidhm i ngach comórtas ina mbíonn Líon Mór Iarratas agus do phoist d'Oifigigh Chléireachais, agus laghdaíodh líon na n-iarrthóirí a dhiúltaigh do thairiscintí ar cheapachán ag an staid imréitigh, de barr athruithe eile sa phróiseas.

Mar fhreagairt ar Covid-19, sholáthair an tSCP, faoi bhrú mór, i réimse na hearcaíochta cléireachais agus riaracháin, lena n-áirítear dul i ngleic le hiarratais tosaíochta ar bhaill foirne ó chliaint a raibh tionchar mór

ag an bpaindéim orthu, lena n-áirítear an Roinn Coimirce Sóisialaí, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Roinn Sláinte agus FSS, agus na folúntais seo a líonadh in am gairid. Rinneadh measúnú ar ghrúpa earcach sa bhreis ag leibhéal an chéimithe ón gcomórtas d'Oifigigh Riaracháin, 2019, agus ceapadh iad sa Roinn Sláinte i mí na Samhna 2020. Fógraíodh agus rinneadh bainistíocht ar shruth nua, a bhaineann leis an réimse sláinte amháin, don earcaíocht ag leibhéal an chéimithe in 2020, agus déanfar ceapacháin go luath in 2021.

Ina theannta sin, rinne an tSCP comhoibriú leis an Roinn Talmhaíochta agus leis na Coimisinéirí Ioncaim chun Oifigigh Chléireachais a cheapadh i bpoist thábhachtacha a bhaineann leis an mBreatimeacht.

### *Earcaíocht d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha agus do Bhoird Stáit*

Chuir an fheidhm earcaíochta d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha réimse feachtas earcaíochta do phoist ag leibhéal sinsearach i gcrích, lena n-áirítear róil mar POF i bhForais Stáit agus in Údaráis Áitiúla, agus róil mar Ard-Rúnaí agus mar Ard-Rúnaí Cúnta i Ranna Rialtais (chabhraigh sé leis an gCoiste um Cheapacháin Ardleibhéil sa phróiseas earcaíochta). Líonadh an-chuid ról ar Bhoird Stáit le linn 2020 chomh maith.

### *Earcaíocht d'Earnáil an Chirt*

Bhí an fheidhm earcaíochta d'Earnáil an Chirt nuálach sa chaoi ar fhorbair sí modhanna nua earcaíochta dá comórtais. Bhí na nithe seo a leanas san áireamh: cuireadh cleachtaí rólimeartha, a reáchtáladh ó chian, i bhfeidhm don chomórtas d'Oifigi Príosúin, in ionad an chleachtaidh ghrúpa a bhí ann roimhe sin, agus cuireadh measúnuithe Gaeilge ar líne ar fáil d'iarrthóirí sa chomórtas do Ghardaí faoi Oiliúint nár chomhlíon an riachtanas i dtaca le dara teanga nuair a chuir siad iarratas isteach.

D'fhreastail an tSCP ar an éileamh do Ghardaí faoi Oiliúint ón nGarda Síochána agus chomhlíon sí gealltanais an Rialtais i dtaca leis an bplean atá ann líon na nGardaí faoi oiliúint i gColáiste an Gharda sa Teampall Mór a mhéadú. Cuireadh 198 iarrthóir ar éirigh leo ar aghaidh chuig an nGarda Síochána in 2020, i ndiaidh agallamh a rinneadh go déanach in 2019/go luath in 2020. Forbraíodh múnla nua earcaíochta do Ghardaí faoi oiliúint in 2020 chomh maith.

Rinneadh an-chuid oibre chun ullmhú do chomórtais ardaithe céime inmheánacha de chuid an Gharda Síochána, agus táthar ag súil leis go bhfógrófar an comórtas ardaithe céime do Sháirsintí chomh luath is a

shíntear na rialacháin de chuid na Roinne Dlí agus Cirt atá ag teastáil. Fógrófar an comórtas ardaithe céime do Chigirí chomh luath is féidir ina dhiaidh sin.

### *Earcaíocht do Chomhairligh Leighis*

Lean an tSCP léi, i gcomhar le FSS, ag tacú leis an earcaíocht do Chomhairligh Leighis bhuana i Seirbhís Sláinte Phoiblí na hÉireann. Déanann an tSCP an earcaíocht do roinnt Comhairleach Leighis, agus líonann FSS roinnt post go díreach. Cé gur chuir an phaindéim isteach ar an bpróiseas, fógraíodh 119 post in 2020 (94 don Ghéarleigheas agus 25 don tSíciatracht), méadú de 13% i gcomparáid le figiúirí 2019 agus moladh 89 iarrthóir (69 don Ghéarleigheas agus 20 don tSíciatracht) do cheapacháin i bhFSS.

Beidh dúshláin nua roimh an tSCP in 2021 i dtaca leis an earcaíocht do Chomhairligh Leighis, de bharr gur fhógair FSS méadú suntasach i bpoist nua do Chomhairligh Leighis agus de bharr go gcuirfear Sláinte Care i bhfeidhm. Leanfaidh an tSCP léi, áfach, ag déanamh a dícheall na Comhairligh Leighis is fearr a earcú do Sheirbhís Sláinte Phoiblí na hÉireann agus é seo a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí.

### *Earcaíocht Rialtais Áitiúil*

In 2020, lean an tSCP ar aghaidh lena ról i dtaca le daoine a earcú do róil shinsearacha ghairmiúla éagsúla sna 31 Údarás Áitiúil. Fógraíodh 37 gcomórtas earcaíochta in 2020 agus moladh 113 iarrthóir le linn na bliana. In 2020, cuireadh béim ar an éifeachtúlacht a mhéadú agus ar amlínte a laghdú do chomórtas earcaíochta d'Údaráis Áitiúla. Léiríodh an obair seo go háirithe nuair a réachtáladh comórtas náisiúnta d'Oifigigh Shinsearacha Feidhmiúcháin, a fógraíodh i mí Iúil 2020 agus bhí painéal do na 31 Údarás Áitiúil uilig i bhfeidhm 15 seachtaine ina dhiaidh sin. Laghdú mór sna hamlínte a bhí i gceist i gcomparáid leis an gcomórtas roimhe sin. Rolladh uirlisí nua earcaíochta amach, m.sh. físagaillmh, agus laghdaíodh an t-am a thóg sé orainn comórtais áirithe a chur i gcrích dá bharr, go háirithe ag leibhéal an Stiúrthóra Seirbhíse, laghdú ó 12 sheachtain go dtí sé nó seacht seachtaine.

### *Nuálaíocht*


Bhunaigh an tSCP Saotharlann Nuálaíochta chun tuiscint a fháil ar na nuálaíochtaí ar mhaith le baill foirne a chur chun tosaigh in 2021 agus chun struchtúir a chur ar fáil chun gur féidir le baill foirne a bheith

páirteach i dtionscadail nuálacha.  Bhailigh an tSCP na ceachtanna a d'fhoghlaim sí óna taithí ar aghaidh a thabhairt ar Covid-19 le chéile agus iarradh uirthi iad a roinnt le Líonra Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Cheiliúir an tSCP Seachtain Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí le seoladh na straitéise nua, NUA23.  Cheiliúir an tSCP an obair chrua a rinne baill foirne na SCP le linn bliana deacra agus iarradh orthu a smaointe a roinnt i dtaca leis na nithe ar chóir don tSCP tús áite a thabhairt dóibh in 2021.  Cuireadh a n-aiseolas san áireamh i bpleananna gnó na heagraíochta don bhliain 2021. Iarradh ar an bPOF labhairt faoi aistear nuálaíochta na SCP in 2020 in eochairchaint Sheachtain na Nuálaíochta 2020 a tugadh do na céadta státseirbhíseach.  Tugadh aitheantas don tSCP as Soláthar Digiteach Seirbhíse - Barr Feabhais i dtaca le seirbhísí digiteacha atá dírithe ar an saoránach a chur ar fáil, mar chuid d'Imeacht Aitheantais na Státseirbhíse don Bharr Feabhais agus don Nuálaíocht, 2020.  Bronnadh an duais ar an tSCP de bharr an chumais a léirigh sí a múnla oibríochta a dhigitiú chun dul i ngleic le paindéim Covid-19, agus de bharr gur éirigh léi seirbhísí a chur ar fáil agus cloí le caighdeáin i dtaca le barr feabhais san earcaíocht ó chian.


### *Príomhtháscairí Feidhmíochta don Earcaíocht*

Sna táblaí thíos, déantar cur síos ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta na SCP don bhliain 2020:




| | 1. Tréimhse inar Soláthraíodh Feachtais | 2. Ceapacháin i nGnáthghráid | 3. Poist a Líonadh |
|---|---|---|---|
| Lasmuigh de na Spriocanna | 49 | 425 | 65 |
| Laistigh de na Spriocanna | 206 | 1112 | 4462 |

1. <u>Sprioc:</u> Soláthraíodh **80%** d'fheachtais laistigh den tréimhse ama a aontaíodh leis an gcliant.
2. <u>Sprioc:</u> Rinneadh **80%** de cheapacháin ó Phainéal do Ghnáthghráid laistigh de 10 seachtaine ó chuir cliant iarratas isteach.
3. <u>Sprioc:</u> Líonadh **95%** de phoist.





1. <u>Sprioc:</u> Rinneadh **80%** d’fheachtais don Earcaíocht ag leibhéal an Fheidhmeannaigh Shinsearaigh laistigh de 14 seachtaine
2. <u>Sprioc:</u> Rinneadh **80%** d’fheachtais do Bhoird Stáit laistigh de 12 sheachtain
3. <u>Sprioc:</u> Rinneadh **80%** d’fheachtais do Chomhairligh Ospidéil laistigh de 18 seachtaine
4. <u>Sprioc:</u> Rinneadh **80%** d’fheachtais don earcaíocht Ghairmiúil agus Theicniúil laistigh de 18 seachtaine
5. <u>Sprioc:</u> Rinneadh **80%** d’fheachtais Rialtais Áitiúil laistigh de 18 seachtaine.

Cuireadh síneadh ama le roinnt comórtas, thar an líon seachtainí a aontaíodh, ar dhá chúis shuntasacha, ar an gcéad dul síos, bhí drogall ar chliaint ar dtús leanúint ar aghaidh le comórtais go fíorúil, agus, ar an dara dul síos, tháinig méadú mór i líon na n-iarratas ó iarrthóirí, méadú de shuas le 30% i roinnt comórtas.   Bhí tionchar suntasach ag na cúinsí seo ar sholáthar na hearcaíochta Rialtais Áitiúil agus ar fheachtais speisialaithe Ghairmiúla agus Theicniúla ar leith, mar gheall go raibh drogall níos láidre ar cliaint sna réimsí seo agallaimh ó chian a dhéanamh ar dtús, ach ghlac siad leis an bpróiseas in 2020.

### *Teagmáil le Cliaint*


Chun feidhmíocht na SCP a mheas agus chun réimsí ar féidir feabhas a chur orthu a aithint, tá sé an-tábhachtach go ndéanann an eagraíocht teagmháil ghníomhach le cliaint, go n-éisteann sí le cliaint agus go bhfreagraíonn sí a n-aiseolas. Chuir an tSCP suirbhé ar fáil do chliaint don bhliain 2020, chun aiseolas a fháil ar a leibhéal sásaimh leis an tSCP, i réimsí éagsúla teagmhála. Tá an lúb aiseolais seo fíorthábhachtach i dtaca lena chinntiú gur féidir leis an tSCP a seirbhís a fhorbairt go leanúnach chun freastal ar riachtanais na gcliant. Déanfar anailís chuimsitheach ar na sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a fuarthas go luath in 2021, agus aontófar bearta le dul i ngleic le ceisteanna a thagann chun cinn. Tá achoimre ar thorthaí an tsuirbhé ar fáil thíos. In 2021, tá sé i gceist ag an tSCP suirbhéanna a chur ar fáil do chliaint ar bhonn níos rialta – beidh siad seo bunaithe ar théama ar leith agus bainfear úsáid astu do chomórtais ar leith.

**Suirbhéanna Aiseolais do Chliaint**





**Ar fheabhas** **Sásúil**
**Go maith** **Lag**
An-lag

- D’fhreagair 22 as 51 Cliant Státseirbhíse an suirbhé (**43%**):
- **42%** de Cheapacháin i nGnáthghráid agus **32%** de Cheapacháin Ghairmiúla agus Theicniúla sa Státseirbhís.






**Ar fheabhas** **Sásúil**
**Go maith** **Lag**
An-lag

- D’fhreagair 22 as 33 Chliant Údaráis Áitiúil an suirbhé (**67%**):
- **46%** de Cheapacháin in Údaráis Áitiúla.





**Suirbhéanna Aiseolais d'Iarrthóirí**




Freagra Faighte   Ní bhFuarthas Freagra

An-Dearfach   Réasúnta Dearfach
Neodrac   Réasúnta Diúltach
An-Diúltach




Tá torthaí na suirbhéanna seo á n-úsáid ag an mBord Bainistíochta le díriú ar réimsí ar féidir feabhas a chur orthu in 2021, lena n-áirítear amlínte don soláthar.

## *Lonnú sa Mhargadh*

### ***Achoimre ar Mhargaíocht agus ar Chumarsáide***

Tá sé mar aidhm ag an tSCP aitheantas poiblí níos láidre a fhorbairt don eagraíocht chun buíon tallainne ar ardchaighdeán, ina bhfuil níos mó éagsúlachta le brath, a mhealladh. Tá an tSCP ag iarraidh a cumas dul i dteagmháil leis an spriocluct is leithne is féidir do na róil éagsúla atá á dtairiscint aici a fhorbairt trí bhainistíocht agus lonnú éifeachtach branda.  Tá dúshlán ann daoine cumasacha a mhealladh agus a

chinntiú go léiríonn na hiarrthóirí atá ar fáil éagsúlacht na sochaí in Éirinn. Chun iarrthóirí ionchasacha a mhealladh, beidh sé riachtanach modhanna agus gréasáin éagsúla a úsáid chomh maith le meáin dhigiteacha agus na deiseanna atá ar fáil a thapú trí ghlacadh le teicneolaíochtaí úrnua. Déantar cur síos ar na príomhréimsí a soláthraíodh in 2020 thíos.

### *An tAonad Margaíochta agus Cumarsáide a Ghairmiúlú*

I mí an Mhárta 2020, ceapadh Ceannasaí Margaíochta agus Cumarsáide nua chun cabhrú le margaíocht agus cumarsáid a sholáthar don tSCP. Cuireadh béim shuntasach chomh maith ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt laistigh den aonad, chun tacú leis an aidhm ata againn aitheantas láidir poiblí a bhaint amach don eagraíocht, agus buíonta iarrthóirí ar ardchaighdeán, ina bhfuil éagsúlacht le brath, a mhealladh.

### *Lonnú sa Mhargadh don tSCP*

In 2020, chuir an tSCP tús le hathbhreithniú ar a lonnú sa mhargadh agus ar a branda (lena n-áirítear fobhrandaí). Cuirfear críoch le céim taighde agus aimsithe an tionscadail seo sa chéad ráithe in 2021. Cuirfidh an tionscadal tuairimí i leith na heagraíochtaí san áireamh, chun tuiscint a fháil ar na constaicí atá ann ó thaobh an bhranda de agus ar na cúinsí atá taobh thiar den dul chun cinn i dtaca leis an mbranda agus ar an treo margaíochta amach anseo.

### *Margaíocht Earcaíochta agus Cur Chuige ina dtugtar Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha*

Mar thoradh ar Covid-19, tháinig méadú tobann ar an ráta dífhostaíochta, tháinig athruithe chun cinn go tobann agus bhí orainn féachaint chuige go seasfadh próisis na heagraíochta an aimsir. Chuaigh an tSCP i ngleic le tionchar Covid-19 go sciobtha trí mheasúnú a dhéanamh ar an gcaoi a ndearna sí a gníomhaíocht mhargaíochta, trí na réimsí ina raibh gá le hathruithe a aithint chun a chinntiú go mbeadh sí in ann leanúint ar aghaidh leis an obair a bhí á déanamh aici cheana féin chun teagmháil a dhéanamh leis an margadh agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le gréasán na bpáirtithe leasmhara. Rinne an tSCP athbhreithniú ar an margadh, ag baint úsáid as saineolas chun cinntí stuama a spreagadh. Ba léir go mbeadh sé riachtanach cur chuige ina dtugtar tús áite do chúrsaí digiteacha a úsáid, ag baint úsáid as modhanna digiteacha chun teagmháil a dhéanamh leis an margadh agus le páirtithe leasmhara. De bharr an treo nua seo a lean sí, bhí an tSCP in ann teagmháil a dhéanamh le spriocluchtmór ar bhealach dírithe,

a lig di cúrsaí a mheas agus glacadh le cur chuige fíor-ama, síor-reatha i leith gníomhaíochtaí margaíochta agus cumarsáide.

Ghlac an eagraíocht cur chuige dhá bheann i leith gníomhaíochtaí chun tuiscint ar an mbranda agus margaíocht a bhí dírithe ar an ról ar leith a mheascadh le chéile chun tuiscint a fhorbairt agus chun teagmháil le hiarrthóirí gníomhacha agus neamhghníomhacha a chur chun cinn ar publicjobs.ie agus ar na meáin shóisialta a bhaineann leis.

- Bhí 2.8 mhilliún cuairteoir san iomlán ag publicjobs.ie in 2020.
- Tháinig méadú de 24% ar na figiúirí maidir le líon na ndaoine a d'fhéach ar publicjobs.ie in 2020, i gcomparáid le figiúirí na bliana 2019.
- Déantar cur síos ar an mborradh a tháinig ar na leathanaigh shóisialta thíos:

| Ardán | 2018 | 2019 | 2020 | Fás (%) | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | 2018-19 | 2019-20 |
| **Facebook** | 51,704 | 57,984 | 68,603 | 12.1% | 18.3% |
| **Twitter** | 6,104 | 7,216 | 9,650 | 18.2% | 33.7% |
| **Linked In** | 19,686 | 34,031 | 74,550 | 64% | 119% |
| **Instagram** | - | 1,697 | 5,463 | - | 221.9% |

Maidir le comórtais ina raibh líon mór iarratais, go sonrach an comórtas d'Oifigigh Feidhmiúcháin agus an comórtas a bhain le Deiseanna do Chéimithe, in 2020, d'fhorbair an tSCP coincheapa agus dearthaí nua feachtais chun gach feachtas a shimpliú agus a nua-aoisiú. Dhírigh an tSCP ar fhíorghuthanna agus ar fhíoraghaidheanna ón tSeirbhís Phoiblí agus ón Státseirbhís a chur chun tosaigh, agus rinne sí a dícheall an comhionannas, an éagsúlacht agus an cuimsiú a chur chun cinn i dteachtaireachtaí maidir le feachtais agus teagmháil a dhéanamh le agus tuiscint ar na feachtais seo a mhúscailt i spriocghrúpaí tábhachtacha.

## Deiseanna do Chéimithe 2020:

Do dhuaiseanna Grad Ireland 2020, bhí an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí sa Bhabhta Ceannais i gcatagóir na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe agus sa chatagóir do Chlár Speisialtachta Forbartha do Chéimithe, agus bhain sí áit amach ar an bpóidiam don Chlár Forbartha IR/ER do Chéimithe, a osclaíodh arís d'iarratais in 2020/2021.




*Sampla de na cineálacha fógraí a cuireadh ar na meáin shóisialta chun fáilte a chur roimh iarratais ar an tsruth d'Oifigigh Riaracháin don Ghnó agus don Airgeadas - Deiseanna do Chéimithe.*

Bhog muid i dtreo imeachtaí fíorúla mar chuid d'fheachtas 2020 do Chéimithe, in ionad imeachtaí aghaidh ar aghaidh, de bharr Covid-19. Ghlac an tSCP páirt i roinnt imeachtaí fíorúla i gcomhar le comhpháirtithe tábhachtacha in Grad Ireland agus sna hOllscoileanna in Éirinn le feasacht agus suim a mhúscailt. Ghlac an tSCP cur chuige comhoibríoch i leith gach imeachta agus bhí baill den fhoireann mhargaíochta agus den fhoireann earcaíochta ar fáil leis na ceisteanna a bhí ag na daoine a bhí i láthair a fhreagairt, mar aon le seisiúin le céimithe atá ag obair sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí faoi láthair.

*Staitisticí barrlíne i dtaca leis an bhfeachtas do chéimithe, 2020*

**7*** bhfeachtas margaíochta ar leith

**Microsite** Micreashuíomh: 8 leathanach lamairne ar leith

**13** Theistiméireacht – Fíorghuthanna agus Fíoraghaidheann

**Taispeántas Digiteach** ar GradIreland.ie

**8** dTeachtaireacht Ríomhphoist chuig bunachar GradIreland

**7** nAonach Fhíorúla do Chéimithe

**9** gComhpháirtíocht



| 7995 Iarratas ar an gcomórtas d'Oifigigh Riaracháin | 1756 Iarratas ar an gcomórtas do Thríú Rúnaí/Speisialtóir í Forbartha | 378 Iarratas ar an gcomórtas d'Anailísithe Beartais Sláinte |
|---|---|---|

* *Gnó agus Airgeadas, Anailísithe Beartais Sláinte, AD, Ginearálta, Eacnamaithe agus Anailísithe Beartais, Caidreamh Tionsclaíoch agus Caidreamh le Fostaithe, Tríú Rúnaí agus Speisialtóirí Forbartha*

### *An Ciste Nuálaíochta um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí*

Mar chuid den Chiste Nuálaíochta um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, tugadh tacaíocht don tSCP do thionscadal atá dírithe ar dhaltaí dara leibhéal chun eolas a scaipeadh faoin tSeirbhís Phoiblí. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal daltaí i 720+ meánscoil in Éirinn a spreagadh chun tuiscint níos fearr a fháil ar an Státseirbhís agus ar an tSeirbhís Phoiblí agus ar na deiseanna éagsúla atá ar fáil agus suim na ndaltaí seo a mhúscailt. De bharr Covid-19, bhí sé riachtanach an cur chuige a raibh sé i gceist againn úsáid a bhaint as a athrú chun réiteach a sholáthar a ligfeadh dúinn príomhspriocanna an tionscadail a bhaint amach.

D'fhorbair an tSCP táirge digiteach, nuálach agus spreagúil a bhaineann leas as scileanna an 21ú aois agus as an teagmháil idir piaraí ionas gur féidir le gach scoil páirt a ghlacadh ann ag leibhéal na hIdirbhliana. Déanfar seo trí mhicreashuíomh ar leith a dhearadh ar publicjobs.ie agus trí fhíseáin ghearra, ghonta a dhearadh chun na réamhthuairimí atá ann i leith na Seirbhíse Poiblí agus na Státseirbhíse a cheistiú. Déanfar an t-ábhar seo a chomtháthú i bpleananna ceachta saincheaptha do dhaltaí san idirbhliain, agus múinfidh múinteoirí é. Tá sé mar aidhm ag na ceachtanna seo plé a spreagadh i dtaca le príomhréimsí na Seirbhíse Poiblí, ag baint úsáid as uirlisí agus formáidí éagsúla ar líne, agus oideachas a chur ar na daltaí agus cur lena n-eolas thar roinnt seachtainí. Ag deireadh na tréimhse foghlma, iarrfar ar dhaltaí páirt a ghlacadh i gcomórtas náisiúnta fógraíochta ionas gur féidir leo na scileanna a d'fhoghlaim siad a chur i bhfeidhm trína bhfíseán féin a chruthú faoin Státseirbhís agus faoin tSeirbhís Phoiblí, atá dírithe ar a bpiaraí. Tá duaiseanna agus an teideal tarraingteach sin, 'buaiteoir', ar fáil, agus cuirfear béim ar na físeáin is fearr ar mheáin shóisialta publicjobs.ie. Tá roinnt mhaith páirtithe leasmhara ó earnáil an oideachais agus ó earnáil na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí tar éis páirt a ghlacadh sa tionscadal cheana féin, agus beidh níos mó deiseanna comhoibrithe ann in 2021, lena n-áirítear páirt a ghlacadh i bhfíseáin, próifíliú a dhéanamh ar eagraíochtaí, painéil mholtóireachta srl.

### *Lá Idirnáisiúnta na mBan 2020*

Rinne an tSCP urraíocht ar imeacht do Lá Idirnáisiúnta na mBan ar an Máirt 3 Márta 2020, i gcomhar le Líonra na mBan sa Stáitseirbhís (LBS). Tá mná ó gach grád, ó chúlraí éagsúla agus ranna éagsúla sa Státseirbhís ar choiste LBS. Bhí sé mar aidhm imeacht a eagrú chun ceiliúradh a dhéanamh ar Róil na mBan sa Státseirbhís le 100 Bliain Anuas do Lá Idirnáisiúnta na mBan. Reáchtáladh an imeacht i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus d'fhreastail os cionn 300 toscaire air agus bhí cainteoirí tábhachtacha agus seisiúin phainéil ann, chun plé a dhéanamh ar róil na mban sa Státseirbhís.

## *Comhionannas Éagsúlacht agus Cuimsiú*

### *Dualgas na Seirbhíse Poiblí faoin Acht um Chearta an Duine agus Chomhionannas*

Rinne an tSCP athbhreithniú ar cheisteanna i dtaca le cearta an duine agus leis an gcomhionannas a bhaineann lena ról agus tá sí sásta go bhfuil sí ag cloí lena dualgas seirbhíse poiblí, mar a leagtar amach é san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Le prionsabail a bhaineann le cearta an duine agus leis an gcomhionannas a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn, chuir an eagraíocht bearta éagsúla i bhfeidhm in 2020, lena n-áirítear feidhm Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe a chur i bhfeidhm agus faomhadh a thabhairt don chéad Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe.

### *Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú*

Toisc go raibh ar an tSCP glacadh le hathruithe in earnáil na hearcaíochta, rinne sí athbhreithniú ar an Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe bheartaithe, i gcomhthéacs na straitéise corparáidí *Nua* dheimhnigh sí go raibh na réimsí inar féidir athruithe straitéiseacha a chur i bhfeidhm a aithníodh fós suntasach agus ag teacht leis an timpeallacht athraithe. Seoladh Nua sa chuid dheireanach den bhliain, agus tá sé beartaithe an straitéis CÉ&C a rolladh amach sa chéad ráithe in 2021. Agus an gealltanas seo á neartú againn, aithníodh an CÉ&C mar phríomhthionscadal straitéiseach san eagraíocht, agus déanfaidh Bord Tionscadail, ar a mbeidh páirtithe leasmhara sinsearacha tábhachtacha agus Cathaoirleach seachtrach, cur i bhfeidhm an tionscadail seo a rialú agus a threorú. Nuair a cheapfar Cathaoirleach seachtrach, a bhfuil taithí fhairsing acu ar an gCÉ&C, cinnteofar go gcloífidh an tSCP lena

huaillmhian le linn thréimhse na straitéise. Cloífear chomh maith le, agus tógfar ar thaithí an phróisis fhorbartha straitéise, ina bhfuil ról lárnach ag tuairimí agus ionchur seachtrach ón mBord Comhairleach maidir le smaointe a mhúnlú.

### *Tionscadal a bhaineann leis an gCóiríocht Réasúnta*

Bhí scrúdú ar an gcóiríocht réasúnta a chuirtear ar fáil d'iarrthóirí faoi mhíchumas le linn an phróisis earcaíochta mar phríomhthosaíocht sa tSCP in 2020. Mar chuid den phróiseas seo, reáchtáladh ceardlanna tras-fheidhme ina ndearna scrúdú ar na staideanna éagsúla in aistear an iarrthóra, ó staid an iarratais go dtí go ndéantar ceapachán agus na staideanna ina dhiaidh sin. Reáchtáladh ceardlann do chliaint chomh maith agus thug sí sin deis do chliaint a dtuairimí agus a dtaithí mar fhostóirí a roinnt agus a spreag plé tosaigh faoin gcaoi is fearr ar féidir leis an tSCP tacaíocht a thabhairt dóibh. Bhí an t-athrú seo go cur chuige níos dioscúrsaí tairbheach mar gur eascair ionchur cáilíochtúil níos saibhre, machnamh níos doimhne agus úinéireacht níos láidre as. Aithníodh bearta agus moltaí éagsúla sna ceardlanna, agus tá siad seo á gcur le chéile i bplean feidhmithe a bheidh mar chuid de phleananna gnó gach aonaid.

### *Cumas i dtaca leis an gCÉ&C a Fhorbairt*

Le déanaí, tá níos mó béime ar shonraí, agus léirítear é seo sa straitéis chorparáideach agus sa straitéis CÉ&C, mar aon leis na bearta a tháinig chun tosaigh i dtionscnaimh earnála poiblí, m.sh. Ár Seirbhís Phoiblí 2020 agus Dualgas na Seirbhíse Poiblí maidir leis an gComhionannas agus Cearta an Duine. Bhunaigh an tSCP Grúpa Oibre a dhíríonn ar Shonraí chun leas a bhaint as an iniúchadh chun córais a fheabhsú chun sonraí a bhaineann leis an gCÉ&C a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu ar bhealach córasach, chun ceachtanna a roinnt agus chun na teachtaireachtaí a bhaineann leis an mbailiú sonraí a fheabhsú. Threisigh teagmháil tosaigh leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta an fonn atá orainn leas a bhaint as saineolas seachtrach chun cabhrú linn tuiscint chomhroinnte eagraíochta a fhorbairt ar an gcaoi ar féidir leis na tacair sonraí seo feidhmiú mar bhonn fianaise do phróisis agus do theagmháil eagraíochta agus ar na buntáisí a bhaineann le sonraí a bhailiú go córasach.

Bhí sé mar phríomhthosaíocht againn cumas na mball foirne a fhorbairt i mbliana. Mar fhreagairt ar na hathruithe sna próisis earcaíochta a tharla de bharr Covid-19, chruthaigh an tSCP ábhar oiliúna i dtaca le cruinnithe/hagallaimh inrochtana a dhéanamh ó chian, agus chuir sí an t-ábhar seo ar fáil do bhaill foirne

trí sheisiúin ar líne.   Ina theannta sin, d’fhorbair an tSCP uirlis scagtha don chomhionannas chun a chinntiú go bhfuil béim ar an gCÉ&C sna cinntí a dhéantar san eagraíocht.

### *Teagmháil agus Obair For-Rochtana i dtaca le Beartas*

Is cuid lárnach de straitéis na SCP í buíon iarrthóirí a bhfuil éagsúlacht le brath inti a mhealladh agus tá sé sin mar bhonn faoinár gcur chuige i leith teagmhála agus oibre for-rochtana i dtaca le polasaithe.   Chuige sin, d’oibrigh an tSCP leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun na critéir cháilitheachta maidir le saoránacht a leasú don earcaíocht a bhaineann le seirbhís ghinearálta.  De bharr an leasaithe seo, tá rochtain ag iarrthóirí ar tugadh cosaint idirnáisiúnta dóibh nó ag iarrthóirí neamh-LEE atá ina gcéile nó ina bpáiste de chuid saoránaigh den LEE ar an státseirbhís, agus beidh sé sin mar bhonn faoi scrúdú a dhéanfar ar pholasaithe agus ar chearta i dtaca le rochtain a fháil ar an margadh fostaíochta i gcomhthéacs na hearcaíochta seirbhíse poiblí.

Ina theannta sin, lean an tSCP lena clár for-rochtana, chun teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí ionadaíochta (Open Doors Initiative, Exchange House, srl.), chun a chinntiú go bhfuil deiseanna ag spriocghrúpaí eolas a fháil faoin earnáil phoiblí.    Bhí buntáistí cómhalartacha ar leith le baint as páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Comhairleach ar an gClár um Thaistealaithe agus ar an gClár um Bheartas Fiontair de chuid Iontabhas Fhaiche Stiabhna, i dtaca leis an tuiscint atá ag an tSCP ar na baic a bhíonn ar thaistealaithe maidir le fostaíocht, agus mar gheall gur tugadh deis dúinn obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara ábhartha eile chun deiseanna a fhorbairt chun rochtain ar an bhfostaíocht a fheabhsú.   Ina theannta sin, chun aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do ghairmeacha seirbhíse poiblí agus le gairmeacha seirbhíse poiblí a chur chun cinn do Thaistealaithe, rinne an tSCP urraíocht ar na duaiseanna Oideachais do Thaistealaithe den chéad uair.   Tá sé mar aidhm ag an tSCP an ceangal seo a fhorbairt mar chomhpháirtíocht fhadtéarmach, a chabhróidh linn níos mó teagmhála a dhéanamh le Taistealaithe.

Bhí an-áthas ar an tSCP gur bronnadh duais do Cheannairí WAM (Willing, Able, Mentoring) uirthi, a thug aitheantas don tacaíocht a thugann sí dá clár do chéimithe.  Ag teacht leis an aidhm atá aici bealaí rochtana éagsúla ar an bhfostaíocht a éascú, chuir an tSCP tús le plé le AHEAD agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhealaí chuig buaine do chéimithe WAM, agus chuir sí moltaí i láthair i dtaca leis sin d’fhóraim, m.sh. An Grúpa do Rúnaithe Cúnta agus don Ghrúpa do Chur i bhFeidhm na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta.  Glacadh go maith leis an bpáipéar a tugadh, agus tá obair á déanamh

chun teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara tábhachtacha eile sa spás seo, agus tá sé i gceist an próiseas seo a dhearadh agus a chur i gcrích ionas gur féidir é a chur i bhfeidhm le grúpa céimithe na bliana 2022.

Foilsíodh Treoir Chlár Oibre Foghlama an Oireachtais (OWL) maidir leis an bhFostaíocht Ionchuimsitheach, a forbraíodh i gcomhar le Tithe an Oireachtais, ar publicjobs.ie in 2020. Is áis luachmhar í an Treoir seo i dtaca le hionaid oibre ionchuimsitheacha agus dea-chleachtas a chur chun cinn, chun ranna státseirbhíse agus forais seirbhíse poiblí eile a spreagadh chun a bheith ina bhfostóirí OWL. Tá an tSCP ag iarraidh a cumas mar fhostóir ionchuimsitheach a fheabhsú, ag foghlaim ónár dtaithí ar OWL agus ag tabhairt tacaíocht do na céimtihe ó chian.

Don dara bliain as a chéile chuir an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, eagraíocht de chuid na NA atá lonnaithe sa Ghinéiv, cuireadh don tSCP páirt a ghlacadh ina gComhdháil Idirnáisiúnta. Ba é seo a leanas téama chomhdháil na bliana 2020: Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla – daoine faoi mhíchumas a fhostú le linn na paindéime. Trí pháirt a ghlacadh i bplé painéil, bhí an deis againn an t-eolas seo, mar aon le leasuithe ar phróisis na SCP d'iarrthóirí faoi mhíchumas, a tugadh isteach mar chuid dár bhfreagairt ar Covid-19, a roinnt. Tugann sé tacaíocht chomh maith i dtaca le gréasáin an-úsáideach d'fhostóirí seirbhíse poiblí a chruthú ar cheisteanna a bhaineann le daoine faoi mhíchumas a fhostú.

# Ár nDaoine, ár nEagraíocht agus ár gCultúr a Fhorbairt

| Dearadh agus Forbairt Eagraíochta<br>Athchóiriú Digiteach<br>Ár Spásanna Oibre a Athrú |
| --- |

## *Dearadh agus Forbairt Eagraíochta*

Is eagraíocht an-cheangailte í an tSCP agus tá cultúr láidir comhoibrithe agus pobail inti. D'athraigh an phaindéim an chaoi a n-oibríonn an tSCP thar oíche agus, mar sin, bhí sé tábhachtach teagmháil láidir agus ceangail láidre idir baill foirne agus an eagraíocht a choinneáil de réir mar a chuaigh cúrsaí ar aghaidh. Le linn na paindéime, thug an tSCP tús áite do shláinte, do shábháilteacht agus d'fholláine an lucht saothair trí dheiseanna éagsúla a chur ar fáil d'fhostaithe teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht agus lena chéile trí na huirlisí a bhí ag teastáil chun a bheith torthúil agus chun cothromaíocht oibre agus saoil a bhaint amach.

### *Freagairt na SCP – Príomhphrionsabail*

Is iad seo a leanas na príomhphrionsabail atá mar bhonn faoi fhreagairt na heagraíochta, ó thaobh daoine agus cultúir de:

- Sláinte agus sábháilteacht an lucht saothair a chosaint
- Rannpháirtíocht agus folláine na bhfostaithe a chur chun cinn
- Tacú le deiseanna foghlama agus forbartha do bhaill foirne
- Treoirlínte an Rialtais agus an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta a chur i bhfeidhm
- Próisis nua agus modhanna nua oibre a chur i bhfeidhm, a bhfuil luachanna na SCP mar bhonn fúthu.

### *Leas a bhaint as an Lucht Saothair*

Ó thosaigh paindéim Covid-19, leag ceannaireacht na SCP béim ar an teachtaireacht go bhfuil ról tábh achtach ag baill foirne na SCP agus ag an eagraíocht maidir le tacú le freagairt an Rialtais ar an bpaindéim. Chruthaigh sé seo diongbháilteacht san eagraíocht agus thug sé cumhacht do dhaoine aonair agus d'fhoirne comhoibriú lena chéile ar bhealaí nua. Tugadh tús áite do rochtain ó chian do gach ball foirne

agus baineadh leas as acmhainní a bhain le príomhthosaíochta chun leibhéil arda rannpháirtíochta agus táirgiúlachta a chinntiú. Chuir an bhainistíocht shinsearach obair sholúbtha chun cinn, agus bhí ar bhainisteoirí líne béim a leagan ar 'thascanna agus thorthaí' in ionad a bheith dírithe ar an 'am a chaitheann daoine san ionad oibre' agus tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne i dtaca le cothromaíocht oibre agus saoil a bhaint amach i gcúinsí dúshlánacha.

### *Cumarsáid, Ceangal agus Comhoibriú*

Toisc gur glacadh go sciobtha leis an teicneolaíocht físe, bhí ceannairí in ann dul i dteagmháil go sciobtha le daoine san eagraíocht, tacú le foirne agus iad ag iarraidh seirbhísí a chur ar fáil ó chian, agus baill foirne a spreagadh chun teagmháil a dhéanamh lena chéile.

Sheol an tSCP inlíon nua (an eHub), agus d'fhoilsigh sí nuachtlitir seachtainiúil (What's NUA?) agus dhear sí modhanna cumarsáide do bhaill foirne chun a chinntiú go raibh siad praiticiúil agus go raibh rochtain ag gach duine orthu. Rinne an POF cruinnithe halla an bhaile gach dara seachtain trí Zoom, agus thug sí an t-eolas is déanaí i dtaca le gníomhaíochtaí gnó agus eolas faoi dheiseanna foghlama, faoi thacaíochtaí folláine agus faoi imeachtaí sóisialta do bhaill foirne.

De bharr gur scaipeadh suirbhéanna do bhaill foirne go rialta (mí Aibreáin, mí an Mheithimh, agus mí Mheán Fómhair), bhí an eagraíocht in ann tuiscint níos fearr a fháil ar thaithí na mball foirne a bhí ag obair ón mbaile agus bearta a chur i bhfeidhm chun tacú leo a bheith sláintiúil agus iad ag obair. Bhí ról lárnach ag na modhanna cumarsáide digiteacha nua seo i dtaca le baill foirne a choimeád ar an eolas agus i dtaca le ceangal a choinneáil idir baill foirne agus an eagraíocht le linn na paindéime, agus thug siad léargas dúinn chomh maith ar thaithí na bhfostaithe ar an obair ó chian.

Tá tiomantas láidir don chomhoibriú tras-eagraíochta mar chuid lárnach d'fhreagairt na SCP ar an bpaindéim, le réitigh a dhearadh i gcomhar le baill foirne ar fud na heagraíochta. Chabhraigh an cur chuige seo linn leibhéil arda rannpháirtíochta, chruthaitheachta agus nuálaíochta a spreagadh agus lig sé don tSCP freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus dul i ngleic le hathruithe chomh sciobtha agus is féidir de réir mar a théann cúrsaí ar aghaidh. Seo a leanas roinnt samplaí de struchúir tras-fheidhme sa tSCP: an Grúpa Straitéise do NUA23, an fhoireann Athruithe, a thacaíonn le rolladh amach an tionscadail tógála, an Grúpa Stiúrtha don TF, an gréasán do Thacadóirí Gnó, a thacaíonn le teicneolaíocht nua a chomtháthú, lena n-áirítear Office 365, Saotharlann Nuálaíochta na SCP, an grúpa a bhaineann le

Todhchaí na hOibre, a bhfuil machnamh á dhéanamh acu ar an gcaoi a n-oibreoidh an eagraíocht amach anseo. Tá an fhoireann don fhreagairt ar Covid-19 ag obair go dlúth le hionadaithe d'oibrithe sa tSCP agus leis an gcoiste comhpháirtíochta chun plé agus comhairliúchán i dtaca le prótcail Covid-19 a éascú.

### *Foghlaim agus Forbairt*

Toisc gur glacadh go sciobtha leis an teicneolaíocht físe, bhí an tSCP in ann leas a bhaint as múnla fíorúil foghlama go sciobtha in 2020. Chuir sé sin le rannpháirtíocht na bhfostaithe i ngníomhaíochta Foghlama agus Forbartha (F&F) le linn na bliana agus leagadh béim ar leith ar scileanna tábhachtacha atá ag teastáil chun a bheith ag obair ó chian a fhorbairt agus ar sheirbhísí a sholáthar ar bhealaí nua. Thug suirbhéanna do bhaill foirne na SCP agus aiseolas a fuarthas tríd an gcóras bainistíochta feidhmíochta léargas luachmhar dúinn ar na riachtanais forbartha atá ag daoine aonair agus atá ag foirne san eagraíocht agus lig an teagmháil leanúnach seo don fhoireann F&F na nithe a chuirtear ar fáil a chur in oiriúint d'éilimh na n-úsáideoirí agus do thosaíochtaí na heagraíochta. Bíonn deiseanna anois ag baill foirne na SCP páirt a ghlacadh, go fíorúil, i gcláir ghearra forbartha, cáilíochtaí tríú leibhéal a bhaint amach, cúrsaí gearra a dhéanamh agus tabhairt faoi réimse leathan ceardlanna a chuireann an tSCP agus an comhpháirtí F&F ar fáil.

Maidir le gníomhaíochtaí ábartha agus dírithe F&F a dhearadh, chuaigh comhpháirtí F&F na SCP i dteagmháil le bainisteoirí líne san eagraíocht chun tuiscint a fháil ar a riachtanais ghnó agus chun gníomhaíochtaí F&F a dhearadh a thacaíonn leo na spriocanna a bhaint amach. Is príomhghné den chur chuige comhpháirtíochta í an chaoi a mbaintear leas as saineolas idirnáisiúnta chun ábhar a dhearadh agus a chur ar fáil agus chun cumas na heagraíochta, ón taobh seo de, a fhorbairt. In 2020, d'oibrigh an comhpháirtí F&F go dlúth le páirtithe leasmhara sa tSCP chun réimse máistir-ranganna a dhearadh a chuir baill foirne áirithe na SCP ar fáil do bhaill foirne eile na SCP. Thug an cur chuige seo deis do dhaoine aonair agus d'fhoirne a saineolas a roinnt agus cumas na heagraíochta a fhorbairt ón taobh istigh. Tá roinnt samplaí d'ábhar inmheánach a forbraíodh in 2020 thíos:

- Aonad na Seirbhísí Measúnaithe - modúil oiliúina ar an gClaontacht Neamh-Chomhfhiosach agus ar Fhísagallaimh; cuireadh seisiúin dar teideal "Cuir le do chuid Scileanna le hAonad na Seirbhísí Measúnaithe" ar siúl ar thopaicí éagsúla, m.sh. Físagallaimh a fhorbairt agus Dearbhú Cáilíochta do Bhoird.
- Oifigeach Cosanta Sonraí – sraith seimineár gréasáin dar teideal 'An Chosaint Sonraí 101'

- An Lucht TF – Cruinnithe éifeachtacha a dhéanamh ar Zoom
- Daoine agus Cultúr – seisiúin oiliúna ar an mBainistíocht Feidhmíochta agus ar Bhainistíocht na Tréimhse Promhaidh.

### *An tSláinte agus an Fholláine*

Tá clár ag an tSCP dar teideal 'Tú Féin a Choimeád Sláintiúil agus Ceangailte' agus bhí ról lárnach ag an gclár seo i dtaca le tacaíocht a thabhairt dár ndaoine, ag leibhéal pearsanta agus ag leibhéal gairmiúil, le linn na paindéime. Bíonn leibhéil arda rannpháirtíochta i gceist i gcónaí agus tá forbairt á déanamh ar an gclár chun freastal ar riachtanais an lucht oibre, a bhíonn ag síorathrú. Chuir an clár chomh maith le cumas na heagraíochta an fholláine a bhainistiú ar bhealach éifeachtach, chun cultúr ina bhfuil folláine iomlán an duine chun tosaigh agus ina dtugtar tacaíocht don ardfheidhmíocht a chur i bhfeidhm, chun a chinntiú go gcomhlíonann an tSCP riachtanais na gcustaiméirí. Ag teacht le gníomhaíochtaí a thacaíonn le folláine mhothúchánach agus mheabhrach na mball foirne agus iad ag obair ón mbaile, leag an tSCP béim mhór ar thacaíocht a thabhairt d'fholláine fhisiciúil an lucht saothair. Chinntigh na tacaíochtaí eirgeanamaíocha a cuireadh ar fáil go raibh baill foirne in ann oibriú go héifeachtach agus go táirgiúil ón mbaile, i dtimpeallacht atá sábháilte agus compordach.

Chun dul i ngleic leis an uaigneas agus leis an eisiamh sóisialta a thagann chun cinn agus daoine ag obair ón mbaile, cuireadh deiseanna éagsúla ar fáil do bhaill foirne teagmháil a dhéanamh lena chéile go sóisialta i gclár folláine na SCP agus thug sé sin an deis do bhaill foirne a scíth a ligean agus teagmháil neamhfhoirmiúil a dhéanamh le comhghleacaithe. Leirítear an tionchar dearfach a bhí ag an gclár 'Tú Féin a Choimeád Sláintiúil agus Ceangailte' ar leibhéil rannpháirtíochta sa suirbhé is déanaí a rinneadh le baill foirne, inar aontaigh 89% de bhaill foirne go mothaíonn siad go maith, go ginearálta, agus iad ag obair ón mbaile, agus inar aontaigh 90% de bhaill foirne go dtugann an eagraíocht tacaíocht dá sláinte agus dá bhfolláine.

### Rannpháirtíocht na bhFostaithe Amach Anseo

Léirigh baill foirne na SCP tiomantas thar cionn i dtaca le tacaíocht a thabhairt d'fhreagairt na SCP ar phaindéim Covid-19. Léiríonn an ráta freagartha de 94% ar Shuirbhé na Státseirbhíse um Rannpháirtíocht na bhFostaithe cultúr ina bhfuil an rannpháirtíocht go mór chun tosaigh.

Amach anseo, beidh sé mar phríomhthosaíocht na heagraíochta sláinte agus sábháilteacht an lucht saothair a chosaint, de réir mar a dhéanann an eagraíocht pleananna a bhaineann le daoine ag filleadh ar an ionad oibre agus le saol nua na hoibre. Tá an deighilt idir a bheith san oifig agus a bheith lasmuigh den oifig go fisciúil ag laghdú agus tá deis shuntasach againn an t-ionad oibre agus an spás oibre a athshamhlú. Tá ról lárnach ag baill foirne na SCP maidir leis an todhchaí a mhúnlú agus tá súil againn go mbeimid in ann timpeallacht shábháilte a chruthú le chéile, inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as a gcuid oibre, comhoibriú le comhghleacaithe, cothromaíocht oibre agus saoil a bhaint amach agus na spriocanna a leagtar amach in NUA23 a bhaint amach.

### Luachanna na SCP

In 2020, rinne bainisteoirí san eagraíocht cleachtadh luachanna lena bhfoirne. Le linn cruinnithe foirne, rinne fostaithe plé ar an meon agus ar an iompar a bhaineann le gach luach agus ar an gcaoi ar cuireadh dúshlán roimh luachanna na SCP agus ar an gcaoi ar léiríodh na luachanna sin le linn ghéarchéim Covid-19. Chuir sé sin béim ar na luachanna agus lig sé don eagraíocht na háiteanna inar léiríodh na luachanna agus an chaoi ar féidir leis an tSCP foghlaim ó thaithí chomhroinnte a aithint.

### *Measúnú i dtaca le Barr Feabhais Trí Dhaoine*

Rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann iniúchadh ar chleachtaí na SCP i dtaca le daoine i mí Dheireadh Fómhair 2020, mar chuid de phróiseas deimhnithe dar teideal Barr Feabhais Trí Dhaoine (ETP), a dhéanann iarracht próisis i dtaca le daoine a dheimhniú Bhuail an measúnóir ETP leis an mbord bainistíochta agus rinne siad agallaimh le baill foirne ón eagraíocht, chun léargas a fháil ar thaithí na mball foirne sa tSCP. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar pholasaithe agus ar phróisis na SCP agus d'éirigh leis an tSCP deimhniú ETP a choinneáil don bhliain 2020/21. Bhí an t-iniúchóir an-dearfach agus an-mholtach faoi na gníomhaíochtaí a roll an tSCP amach mar fhreagairt ar Covid-19 agus bhí siad an-sásta leis an gcur chuige a ghlacamar chun tacú le folláine ár mball foirne. Bhí an t-aiseolas a fuarthas ó agallaimh le baill foirne an-dearfach chomh maith agus ba léir go raibh baill foirne sásta leis an gcur chuige a ghlac an tSCP chun tacú lena bhfolláine le linn na paindéime. Dar leis an measúnóir: *'is léir go dtugar tús áite don fholláine sa tSCP.'* Aithníodh réimsí ar féidir feabhas a chur orthu: úsáid a bhaint as suirbhéanna le baill foirne chun tuiscint a fháil ar leibhéal na cumarsáide 1-1 atá ag tarlú idir bainisteoirí agus baill foirne san eagraíocht; agus creatlach níos cuimsithí i dtaca le

gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha a mheas, agus béim á leagan ar na hathruithe a thagann ar thuairimí agus ar iompar de bharr gníomhaíochtaí oiliúna ag gach leibhéal.

### *Tacaíocht a thabhairt do Chomhaltaí na mBord Roghnaithe*

Bhí an bhliain 2020 an-dúshlánach chomh maith do bhaill de bhoird roghnaithe agus d'Ionadaithe na SCP a bhí ar bhoird roghnaithe, mar gheall go raibh orthu glacadh go sciobtha go agallamh ó chian, in ionad agallaimh aghaidh ar aghaidh a dhéanamh, do gach staid den phróiseas roghnaithe. Cuireadh dúshláin ar leith roimh bhaill de bhoird roghnaithe, mar aon leis na hAonaid Earcaíochta a bhí ag plé go díreach leo, dá bharr. Bunaíodh Aonad nua um Bhaill de Bhoird Roghnaithe sa tSCP i mí an Mhárta chun ionduchtú agus oiliúint do bhaill nua de bhoird roghnaithe a lárú, i measc rudaí eile. Leagadh béim mhór le linn na bliana ar iarracht a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuair na baill de bhoird roghnaithe a bhí ann cheana féin oiliúint iomlán agus go raibh siad ullmhaithe chun dul i ngleic leis an modh nua oibre agus agallóireachta agus go raibh tacaíocht mhaith ar fáil acu le linn an phróisis. Cruthaíonn an modh nua oibre éilimh sa bhreis dóibh siúd a bhfuil baint acu leis agus, chun é seo a aithint, rinne an tSCP iarratas ar athbhreithniú ar na rátaí pá do bhaill de bhoird roghnaithe, go háirithe ag na leibhéil níos ísle, agus tá sé seo á mheas faoi láthair ag an Roinn Caiteachais Phoiblí.

I dtreo dheireadh na bliana, neartaigh an tSCP an bhéim a cuireadh ar a grúpa ball de bhoird roghnaithe a fhorbairt, chun cúlraí agus taithí éagsúil a léiriú agus chríochnaigh na baill ionchasacha seo de bhoird roghnaithe a gcuid oilliúna in 2020 agus beidh ceardlanna dírithe ar siúl go luath in 2021. Go luath in 2021, déanfaidh an tSCP iarracht grúpaí/gréasáin a aithint ar féidir leis an tSCP teagmháil a dhéanamh leo chun an grúpa ball de bhoird a fhorbairt chun a chinntiú gur léiriú níos fearr é ar shochaí na hÉireann i gcoitinne. Is féidir go gcabhródh an t-athbhreithniú ar an struchtúr pá a luadh thuas maidir le daoine ó gach earnáil den tsochaí a mhealladh agus a spreagadh chun páirt a ghlacadh ar bhoird roghnaithe den chineál seo.

## *Athchóiriú Digiteach*

### *An Chianobair*

Sular thosaigh an phaindéim, ní raibh ach cumas teoranta ag an tSCP an chianobair a éascú, agus bhí sí de dhíth, go príomha, ar bhaill foirne tacaíochta TF agus ar roinnt ball den fhoireann ardbhainistíochta. Laistigh de thréimhse an-ghearr, áfach, tugadh rochtain ó chian do gach ball foirne ar an líonra agus bhí siad in ann teacht go sábháilte ar acmhainní uilig an líonra chun a gcuid oibre laethúla a dhéanamh.

### *Físchomhdháil*

Aithníodh an fhíschomhdháil go luath mar uirlis thábhachtach i dtaca lena chinntiú go mbeadh an tSCP in ann feidhmiú ar bhealach éifeachtach le linn na paindéime. Bhí ardán ar leith de dhíth ar an tSCP, ardán ar féidir úsáid a bhaint as go sciobtha, atá inscálaithe, slán, a bhfuil sé éasca é a úsáid agus a bhainistiú, agus nach raibh aon infreastruchtúr ag teastáil ar an láthair chun úsáid a bhaint as, agus aithníodh ardán a bhí ag teacht chun cinn dar teideal *Zoom* mar an rogha is fearr don tSCP. Bhí an t-ardán fíorthábhachtach i dtaca lena chinntiú go raibh an tSCP in ann feidhmiú ar bhealach éifeachtach le linn 2020; baineadh úsáid fhairsing aisti mar phríomh-mhodh chun fanacht i dteagmháil le baill foirne, chun seisiúin oiliúna agus folláine a sholáthar agus ba chuid thábhachtach den phróiseas earcaíochta é de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh.

### *Office 365*

Tá sé mar phríomhaidhm ag Ráiteas Straitéise na SCP 2020-2023 cultúr a chothú san ionad oibre ina bhfuil an nuálaíocht chun tosaigh, trí chur chuige ina dtugtar tús áite do chúrsaí digiteacha. Cuireadh Céim 1 de thionscadal Office 365 i gcrích i mí na Nollag 2020 - bogadh an córas ríomhphoist corparáideach go dtí an Néal. Nuair a cuireadh Microsoft Teams i bhfeidhm, chuir sé go mór le cumas cumarsáide agus comhoibrithe na heagraíochta. Tar éis an rollta amach, d’aontaigh 84% de bhaill foirne go raibh tionchar dearfach ag Microsoft Teams ar an gcaoi a ndéanann siad teagmháil/a n-eagraíonn siad cruinnithe le comhghleacaithe.

Bunaíodh clár um Thacadóirí Gnó Office 365 agus ba chuid fhíorthábhachtach den tionscadal é sin, mar gur chabhraigh sé i dtaca leis na huirlisí nua a chur chun cinn agus i dtaca le daoine tríd an eagraíocht a

choimeád ar an eolas faoi fhéidearthachtaí an chórais nua. Beidh Céim 2 den tionscadal ar siúl le linn 2021 - bogfaidh an tSCP comhaid sonraí go dtí an t-ardán agus bainfidh sí úsáid as feidhmchláir eile atá ar fáil mar chuid de phacáiste Office 365.

### *Infreastruchtúr agus Cibearshlándáil*

Bhí sé mar phríomhthosaíocht ag an tSCP an líonra a chothabháil agus slándáil a chosaint le linn 2020. Rinne comhlacht TF seachtrach athbhreithniú ar laigí líonra na hoifige go luath sa bhliain. Cuireadh roinnt moltaí chun cinn i dtorthaí an athbhreithnithe sin, maidir le réimsí ar féidir feabhas a chur orthu; cuireadh gach ceann de na moltaí sin i bhfeidhm. Rinne an tSCP athchóiriú ar chuid d'infreastruchtúr an bhalla dóiteáin in 2020, mar chuid de chlár um uasghráduithe leanúnacha.

I dtaca leis an gcibearshlándáil, bhí dúshlán mór romhainn i dtaca le ríomhairí glúine nach raibh ceangailte go díreach le líonra na hoifige a bhainistiú agus slándáil na ríomhairí sin a chinntiú. Chuige sin, chuir an tSCP bogearraí cosanta críochphointe i bhfeidhm do gach ríomhaire glúine in 2020. Laghdaíodh cuid de na rioscaí móra a bhaineann leis na modhanna nua oibre de bharr na mbogearraí sin. Is féidir leis an bhfeidhm TF úsáid a bhaint as na polasaithe gréasáin atá i bhfeidhm ar ríomhairí pearsanta an líonra, tá cosaint níos fearr ag gach ríomhaire glúine nach bhfuil ceangailte go díreach leis an líonra i gcoinne víreas agus osclaíonn uirlisí ar leith gach ceangaltán ríomhphoist sa Néal, déanann siad scrúdú ar na ceangaltáin sin, féachaint an bhfuil bogearraí mailíseacha iontu, agus faigheann úsáideoirí fógra faoi na torthaí. Tá fíordheimhniú déshraithe i bhfeidhm agus daoine ag logáil isteach ar an líonra corparáideach trí Citrix agus trí VPN, agus neartaíonn sé sin sábháilteacht an líonra.

### *Cothabháil agus feabhsú leanúnach ar ár bpríomhchóras rianaithe iarrthóirí*

Le linn 2020, forbraíodh paistí, feabhsuithe agus gnéithe agus baineadh úsáid astu inár gcóras rianaithe iarrthóiri ar leith. San áireamh bhí tionscadal suntasach chun foirm iarratais ghréasáin a athdhearadh agus a fhorbairt chun áit an tseanchórais d'fhoirmeacha iarratais PDF a ghlacadh agus rollfar amach é le linn 2021. Cuirfidh an fhoirm nua le taithí an iarrthóra ar bhealach dearfach trí chomhoiriúnacht agus rochtaineacht níos fearr do ghléasanna móibíleacha agus trína chinntiú go bhfuil níos mó solúbhtachta ag aonaid earcaíochta i dtaca le ceisteanna a leagan amach ar fhoirmeacha iarratais d'iarrthóirí. Rinneadh obair shuntasach anailíse agus forbartha chun an chaoi a mbainistíonn na bogearraí rianaithe iarrthóirí

painéil iarrthóirí a athdhearadh, chun cur le taithí an úsáideora ar bhealach dearfach agus chun feabhas a chur ar an gcumas tuairiscithe.

### *Cothabháil agus feabhsú leanúnach ar ár suíomhanna  gréasáin agus ár n-ardáin dhigiteacha as a mbaineann an pobal úsáid*

Le linn 2020, d'fhorbair an tSCP leathanaigh ghréasáin agus micreashuíomhanna éagsúla ar leith chun tacaíocht a thabhairt d'fheachtais earcaíochta éagsúla agus do thionscadail agus thionscnaimh eile de chuid na SCP.   Rinneadh iniúchadh chomh maith ar an inrochtaineacht dhigiteach agus aithníodh roinnt réimsí ar féidir feabhas a chur orthu ar ár n-árdáin, agus cuireadh tús le tionscadal feabhsúcháin, ina bhfuil céimeanna éagsúla, chun dul i ngleic leis na fadhbanna sin.

### *Úsáid a bhaint as ardáin agus teicnící forbartha nua agus nuálacha chun freagairt ar na riachtanais dhigiteacha a tháinig chun cinn de bharr Covid-19*

Chun freastal ar riachtanais ghnó ar leith a tháinig chun cinn de bharr Covid-19, rinne an tSCP anailís ar roinnt roghanna a bhí dírithe ar a cumas réitigh dhigiteacha a fhréamhshamhaltú agus a sholáthar chun tacú le riachtanais earcaíochta a bhíonn ag síorathrú.  Chun cabhrú le hath-lonnú a d'fhéadfadh tarlú ar fud na státseirbhíse de bharr Covid-19, forbraíodh córas bogearraí ar leith chun freastal ar na riachtanais áirithe sin. De bharr na gceachtanna a foghlaimíodh ón ardán forbartha seo, tháinig deiseanna nua chun tosaigh i dtaca le tuilleadh uathoibrithe a chur i bhfeidhm agus i dtaca le héifeachtúlacht a mhéadú i bpróisis eile sa tSCP, agus beidh an tasc seo ar siúl le linn 2021.

### *NOVA (Tagarmharcáil agus Teagmháil leis an Margadh)*

Is é Tionscadal NOVA teideal an tionscadail atá dírithe ar chóras nua earcaíochta a aimsiú, a cheannach agus a chur i bhfeidhm.  Tá teagmháil á déanamh ag an tSCP le hearcaitheoirí eile in Éirinn agus thar lear, san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí, agus tá léargas luachmhar á fháil againn ar an gcur chuige is fearr chun tionscadal den chineál seo a sholáthar, ar na réitigh dhigiteacha ar an margadh, agus ar dhea-chleachtas sa soláthar seirbhíse i réimse na hearcaíochta.  Chuir sé seo leis an gcur chuige soláthair, agus foilsíodh *Iarratas ar Eolas* i mí na Samhna.

## *Ár Spásanna Oibre a Athrú*

Tá obair ar siúl ar Thionscadal Uasghrádaithe Áras na Caibidle agus, toisc gur síníodh conradh i mí na Nollag 2020, is cosúil go gcuirfear tús le hoibreacha go luath in 2021.

# Páirtí ar féidir brath air

## *Ár Seirbhís Earcaíochta agus Chomhairleach a Fhorbairt*

### *An Fheidhm Chomhairleach do Chliaint*

Is príomhghné de 'Nua' í forbairt seirbhíse comhairlí atá bunaithe ar fhianaise, a léirítear sa tosaíocht straitéiseach seo a leanas: 'A bheith mar Pháirtí ar féidir Brath air'. Leagtar ról comhairleach na SCP amach san Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Tá sé mar aidhm ag an tSCP ceannaireacht agus tacaíocht chomhairleach atá bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil do chliaint, a thacóidh le dea-chleachtas agus nuálaíocht i dtaca le réitigh tallaine agus le polasaí poiblí a bhaineann leis an ionad oibre a fhorbairt. Tugann tiomantas spreagadh don tionscnamh seo; tiomantas i dtaca le tacaíocht a thabhairt do chliaint sa tseirbhís phoiblí chun na nithe seo a dhéanamh: barr feabhais san earcaíocht a bhaint amach, dul i ngleic leis an ionad oibre, atá ag athrú, agus cabhrú le todhchaí seirbhíse poiblí na hÉireann, seirbhís ardhfheidhmíochta atá bunaithe ar luachanna, a mhúnlú.

Mar ghairmithe earcaíochta, tuigeann an tSCP an áit ar leith atá aici sa tseirbhís phoiblí, agus tá sí tar éis na spriocanna ardleibhéil seo a leanas a aithint dá seirbhís chomhairleach:

- Tacú leis an eagraíocht eolas agus taithí a roinnt, tacú le heagraíochtaí cliaint dea-chleachtas san earcaíocht a léiriú agus lucht saothair ina bhfuil éagsúlacht le brath, atá an-chumasach agus an-tiomanta a chur ar fáil don tseirbhís phoiblí;
- Sraith tacaíochtaí earcaíochta chiallmhar, struchtúrtha, a bhfuil luach inti, a chur i bhfeidhm agus aitheantas a fháil mar thacadóir agus mar cheannaire, ó thaobh smaointe de, maidir le cleachtais earcaíochta ionchuimsitheacha;
- An taighde is déanaí agus tuiscintí nua ar threochtaí agus ar fhorbairtí earcaíochta seirbhíse poiblí a chur le chéile agus an taighde agus na tuiscintí seo a scaipeadh chuig eagraíochtaí cliaint, lena n-áirítear lucht déanta polasaithe;
- Eolas a dhéanamh d'fhorbairt bheartais tríd an tseirbhis phoiblí a ullmhú do thodhchaí na hoibre agus go háirithe tuiscint a fháil ar an gcaoi a dtéann an t-ionad oibre, atá ag athrú, le próifíl fostaíochta na seirbhíse poiblí.

## *Príomhionad Eolais do Chliaint*

In 2020, sheol an tSCP **Príomhionad Eolais nua do Chliaint**, agus is féidir teacht air trí publicjobs.ie. Forbraíodh an Príomhionad chun tacaíocht a thabhairt do chliaint i dtaca lena riachtanais earcaíochta agus cuirfidh sé rochtain ar réimse acmhainní, a chuireann dea-chleachtas san earcaíocht agus sa roghnú chun cinn, ar fáil. Trí shaineolas na SCP agus trí na ceachtanna a d'fhoghlaim sí, trí mhodúil agus acmhainní foghlama praiticiúla a chur ar fáil, táthar ag súil leis go gcuirfimid tacaíocht ar fáil do chliaint i dtaca lena riachtanais earcaíochta.

Mar chuid de thiomantas na SCP don aidhm stádas mar 'chomhairleoir ar féidir brath air' a bhaint amach, d'fhorbair an tSCP roinnt acmhainní foghlama nua agus faisnéiseacha atá ar fáil ar an bPríomhionad Eolais do Chliaint. Tá na hacmhainní seo a leanas san áireamh:

- **Scileanna Agallaimh** San áireamh sa seisiún eolais físe seo, tá treoir agus tacaíocht do chliaint i dtaca le hagallaimh chothroma, láidre ar ardchaighdeán a dhéanamh, de réir dea-chleachtais.
- **Scileanna d'Agallaimh Físe:** cuireann an seisiún eolais físe seo tacaíochtaí praiticiúla ar fáil trí úsáid a bhaint as ár dtaithí agus trí nodanna úsáideacha a chur ar fáil d'agallóirí a bhfuil agallaimh físe á ndéanamh acu.
- **Fostaíocht Ionchuimsitheach a chur chun cinn:** bunaithe ar cheachtanna a d'fhoghlaim an tSCP agus Tithe an Oireachtais, d'fhorbair an tSCP Treoir maidir leis an bhFostaíocht Ionchuimsitheach mar acmhainn úsáideach don tseirbhís phoiblí. Tá sé mar aidhm ag Clár Oibre Foghlama an Oireachtais (OWL) na scileanna, an t-eolas agus an cumas cuí chun teacht ar fhostaíocht fhiúntach ar íocaíocht a chur ar fáil do dhaoine faoi oiliúint.

Fobrófar an réimse acmhainní de réir a chéile, chun freastal ar na riachtanais atá ag cliaint agus chun dea-chleachtas san earcaíocht agus sa roghnú a léiriú. Déanfar tuilleadh forbartha air seo agus cuirfear i bhfeidhm é mar chuid de rolladh amach na feidhme Comhairlí do Chliaint.

## *Cumarsáid le Cliaint*

Mar chuid de na gealltanais maidir le cliaint a choinneáil ar an eolas, d'fhorbair an fheidhm um Chaidreamh le Cliaint a Bhainistiú na hacmhainní seo a leanas do chliaint:

- **Tuarascáil ar Bhainistíocht Painéal:** Chun cabhrú le cliaint i dtaca le hacmhainní a phleanáil, forbraíodh 'Tuarascáil ar an mBainistíocht Painéal' agus tugtar do chliaint é gach dara seachtain. Tá leagan amach na tuarascála bunaithe ar chóras soilse tráchta agus tugann sé achoimre ar líon na n-iarrthóirí atá ar phainéil do ghráid ghinearálta agus ghairmiúla (comórtas ina mbíonn líon mór iarratas). Fuarthas aiseolas an-dearfach ó chliaint.
- **Nuachtlitir do Chliaint:** forbraíodh nuachtlitir nua do chliaint agus tá sí á seoladh chuig cliaint (ar bhonn ráithiúil) ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh. Forbraíodh nuachtlitir eile do chliaint sna hÚdaráis Áitiúla, a oireann dá riachtanais/dá réimsí spéise. Roinnfear eolas tábhachach agus éachtaí eagraíochta sa nuachtlitir. Dhírigh an chéad eagrán ar nuálaíochtaí agus ar athruithe sa phróiseas earcaíochta, a chinntigh leanúnachas gnó le linn Covid-19 agus ar obair na foirne CÉ&C ar thionscadail éagsúla. Tá sé i gceist go mbeadh an chuid dár teideal 'Comhairle agus Nodanna Praiticiúla' sa nuachtlitir go rialta amach anseo agus tagann sé sin leis an aidhm atá ag an tSCP stádas mar 'chomhairleoir ar féidir brath air' a bhaint amach.

### *Creatlach do Bhainisteoirí Chuntais na gCliant*

Tá an creatlach do bhainisteoirí chuntais na gcliant ina phríomhghné den tseirbhís do chustaiméirí sa tSCP / den teagmháil le cliaint agus tá ról tábhachtach aige i dtaca le caidreamh a chothú le agus tuiscint a fháil ar na cliaint. Mar gheall gur tháinig athruithe ar Ranna agus gur tharla athruithe pearsanra sa tSCP, lorgaíodh léirithe spéise ón bhFoireann Bhainistíochta do bhainisteoirí nua chuntais na gcliant (cuirfear ag obair le cliant ar leith iad). Mar chuid de thacaíochtaí níos leithne, bhunaigh an Bhainistíocht um Chaidreamh le Cliaint gréasán inmheánach do bhainisteoirí chuntais na gcliant ionas gur féidir leo plé a dhéanamh ar cheisteanna, leanúnachas a chur chun cinn/a chinntiú i dtaca le cur chuige agus aiseolas ó chliaint a roinnt.

### *An Lucht Saothair a Phleanáil le Cliaint*

Tá an tSCP i dteagmháil le cliaint chun sonraí a fháil faoi na riachtanais a bheidh acu, ó thaobh acmhainní de, dar leo. Táthar ag súil leis go gcuirfidh an t-eolas seo eolas tábhachtach gnó ar fáil chun cabhrú leis an tSCP pleanáil inmheánach a dhéanamh i dtaca le cumas na n-aonad earcaíochta agus i dtaca leis na painéil atá ar fáil.

*An Scéim um Cheapacháin Shealadacha*

Nuair a tuigeadh go mb'fhéidir go mbeadh impleachtaí ar leith ag Covid ar an tír, bunaíodh Scéim um Cheapacháin Shealadacha chun ligean do bhaill foirne ón tSeirbhís Phoiblí dul ag obair i réimsí ina raibh gá mór le hoibrithe. D'fhorbair an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an polasaí don scéim seo agus chuir an tSCP i bhfeidhm í. Bhí dhá shruth i gceist sa tionscadal seo:

1. Teagmháil a dhéanamh le baill foirne sa tSeirbhís Phoiblí a raibh a bhfostóirí in ann iad a scaoileadh; agus
2. Teagmháil a dhéanamh le gach Cúntóir Riachtanas Speisialta in Earnáil an Oideachais tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Bhí ar an tSCP na scileanna agus na leibhéil bhainistíochta a bhí ag teastáil ó FSS, go príomha, a aithint, córas a fhorbairt chun eolas a bhailiú ó bhaill foirne agus a óstáil, daoine cuí a aithint ionas go mbeadh siad réidh chun dul ag obair nuair a tháinig iarratais isteach agus comhoibriú le FSS chun baill foirne a chur ag obair in áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Bhí teagmháil leanúnach idir na páirtithe uilig ag teastáil. Tríd an scéim seo, bhí Seirbhís Phoiblí na hÉireann in ann dul i ngleic go sciobtha leis an ngéarchéim agus baill foirne a chur ag obair i réimsí ina raibh géarghá leo.

# Rialachas

### *Ról Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus Ról an POF*

Bhunaigh an tAcht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tá foráil san Acht maidir le Príomhfheidhmeannach agus Bord a cheapadh. Forálann na struchtúir a cuireadh i bhfeidhm sa reachtaíocht go mbeidh an Príomhfheidhmeannach mar Oifigeach Cuntasaíochta don tSCP agus ina C(h)eannaire ainmnithe den Oifig Sceidealaithe de réir an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí 1997. Dá bhrí sin, comhlacht den Státseirbhís is ea an tSCP agus tá impleacht aige sin maidir le ról agus cineál Bhord na SCP, ról comhairleach atá i gceist de bharr na bhfreagrachtaí láidre dlí atá ar an bPríomhfheidhmeannach.

### Ról an Oifigigh Chuntasaíochta

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar cheann de roinnt bheag Comhlachtaí Stáit a bhfuil Oifigeach Cuntasaíochta Reachtúil (an Príomhfheidhmeannach) acu de réir mar a thuigtear in Alt 22 d'Acht an Státchiste agus Ranna Iniúchta 1866 atá freagrach as cistí Vótáilte. Dá bhrí sin, tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na Cuntais Leithreasa agus nósanna airgeadais poiblí a bhaineann leo.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta féin freagrach don Choiste um Chuntais Phoiblí (PAC) den reachtas as rialtacht agus ionracas idirbhearta sna cuntais a bhfuil siad freagrach astu chomh maith le barraineacht, héifeachtacht agus héifeachtúlacht na maoirseachta ar shocmhainní.

### Ról an Phríomhfheidhmeannaigh mar Cheannasaí na hOifige Sceidealaithe

Tá an Príomhfheidhmeannach ainmnithe mar Cheannasaí na hOifige Sceidealaithe faoin Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí 1997. Sa mhéid sin, tá na freagrachtaí atá leagtha amach sa reachtaíocht ar an bPríomhfheidhmeannach seachas ar an mBord.

### *Feidhmeanna an Bhoird*

I gcoitinne, tá feidhm reachtúil ag bord na SCP comhairle a thabhairt seachas na feidhmeanna traidisiúnta atá ag Boird Stáit agus, tríd is tríd, baineann sin le comhairle nó treoir a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach, rud a léiríonn an caidreamh freagrachta atá ag an bPOF leis an Aire Caiteachais

Phoiblí agus Athchóirithe.  Tá na feidhmeanna ar leith leagtha amach in alt 36 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapachán) 2004.

| Bord Reatha na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí |
|---|
| ***Cathaoirleach*** |
| An tUasal Tom Moran, Iar-Ard-Rúnaí, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| ***Baill an Bhoird*** |
| Iníon Shirley Comerford, Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí |
| Iníon Mary Hurley, Rúnaí Cúnta, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil |
| An Dr Eddie Molloy, Comhairleoir AD |
| Iníon Anne-Marie Taylor, Comhairleoir Bainistíochta |
| Iníon Mary Connaughton, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, CIPD |
| An tUasal John O'Callaghan, Rúnaí Cúnta, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| Iníon Anne O'Connor, Príomhoifigeach Oibríochtaí, FSS |
| An tUasal David Cagney, Príomhoifigeach Acmhainní Daonna don Státseirbhís, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |

### *Cruinnithe Boird*

Bhí sé chruinniú boird ar siúl in 2020 (ar an 5 Feabhra, an 1 Aibreán, an 10 Meitheamh, an 22 Meán Fómhair agus an 15 Nollaig).

| ***Ball den Bhord*** | ***Líon na gCruinnithe a raibh an Ball den Bhord i dteideal freastal orthu*** | ***Líon na gCruinnithe ar fhreastail an Ball den Bhord orthu*** |
|---|---|---|
| An tUasal Tom Moran (Cathaoirleach) | 6 | 5 |
| Iníon Shirley Comerford (POF) | 6 | 6 |
| Iníon Anne-Marie Taylor | 6 | 6 |
| An Dr Eddie Molloy | 6 | 5 |
| An tUasal David Cagney | 6 | 5 |
| Iníon Mary Connaughton | 6 | 6 |

| | | |
|---|---|---|
| An tUasal John O' Callaghan | 6 | 6 |
| Iníon Anne O'Connor | 6 | 4 |
| An tUasal Barry Quinlan | 3 | 2 |
| Iníon Mary Hurley | 3 | 2 |

### *Bord Bainistíochta*

Tá sé mar aidhm ag an mBord Bainistíochta a chinntiú go gcomhlíontar straitéis na heagraíochta agus a chinntiú go bhfuil struchtúir éifeachtacha bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear struchtúir rialachais chorparáidigh agus go n-oibríonn siad go héifeachtach. Tá an Bord Bainistíochta freagrach as a chur in iúl do Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí go bhfuil úsáid éifeachtach á baint as na hacmhainní uile agus, leis na hacmhainní a thugtar, a chinntiú go bhfuil an cumas ag an eagraíocht a dualgais reachtaíochta a chomhlíonadh.

Treoraíonn agus bainistíonn an fhoireann bhainistíochta cur i bhfeidhm na gcóras, na bpróiseas agus an iompair atá riachtanach chun dea-rialachas a chur chun cinn ar fud na heagraíochta agus a chinntíonn go n-oibríonn na baill foirne ar fad le chéile mar fhoireann den scoth.  Tá an Creat Rialachais Chorparáidigh don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar fáil ar publicjobs.ie.  Tá gach ball den fhoireann bhainistíochta freagrach as ceannaireacht a léiriú, as cur le bainistíocht na heagraíochta i gcoitinne agus as cabhrú lena gcomhghleacaithe maidir lena spriocanna a bhaint amach.  Léiríonn an lucht ceannaireachta agus bainistíochta rialachas éifeachtach ón mbarr, agus léiríonn siad dea-iompar rialachais chomh maith le tiomantas i dtaca le spriocanna a bhaint amach trí phróisis chuntasacha.

| ***Baill den Bhord Bainistíochta*** | |
|---|---|
| ***Ainm agus Ról*** | ***Freagrachtaí:*** |
| Shirley Comerfoad, Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | Tá an Fheidhmeannacht Chorparáideach freagrach as beartas an Bhoird, straitéis, bainistíocht agus oibriú na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a chur i bhfeidhm tríd an bhPríomhfheidhmeannach. |
| Catherine Dobbins, Ceannasaí Gnóthaí Corporáideacha | Freagrach as seirbhísí corparáideacha, lena n-áirítear AD, Airgeadas, Comhlíonadh agus Dearbhú Cailíochta (lena n-áirítear Athbhreithnithe faoi chóid an CCSP agus gach feidhm a bhaineann leis an rialachas corparáideach). |

| | |
|---|---|
| Niall Leavy, Ceannasaí ar an Rannpháirtíocht sa Mhargadh | Freagrach as tacaíocht a thabhairt don Bhord Bainistíochta ar thionscadail éagsúla straitéiseacha agus forbartha a chabhraíonn leis an eagraíocht modhanna earcaíochta agus measúnaithe ceannródaíocha a aithint agus a ullmhú chun glacadh agus cuidiú lena chinntiú go soláthraítear sársheirbhís do chliaint san earnáil phoiblí ar bhonn leanúnach. |
| Aoife Lyons, Ceannasaí na Seirbhísí Measúnaithe | Bearta éifeachtacha, éifeachtúla agus dea-chleachtais measúnaithe a chur i bhfeidhm chun na hiarrthóirí is fearr is féidir a fháil a roghnú dár gcliaint. |
| Margaret McCabe, Príomhoifigeach Oibríochtaí | Tacaíocht ardleibhéil a chur ar fáil don POF, agus freagracht as oibríocht ghinearálta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, maidir le seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla a chur ar fáil agus maidir lenár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. |
| John Keegan, Ceannasaí Aimsithe Tallainne don tSeirbhís Phoiblí | Freagrach as dea-chleachtais san earcaíocht agus sa roghnú a chur chun cinn chun iarrthóirí ar ardchaighdeán a aithint do róil éagsúla sa tSeirbhís Phoiblí. A chinntiú go mbaintear ardchaighdeáin soláthair seirbhíse amach chun múnla freagrúil earcaíochta a chinntiú, ina gcuirtear na riachtanais atá ag cliaint agus ag iarrthóirí, a bhíonn ag síorathrú, san áireamh i réimse iomaíoch. |
| Sandra Cairns, Ceannasaí Aimsithe Tallainne don Státseirbhís | Freagrach as dea-chleachtais san earcaíocht agus sa roghnú a chur chun cinn chun iarrthóirí ar ardchaighdeán a aithint do róil éagsúla sa tSeirbhís Phoiblí. A chinntiú go mbaintear ardchaighdeáin soláthair seirbhíse amach chun múnla freagrúil earcaíochta a chinntiú, ina gcuirtear na riachtanais atá ag cliaint agus ag iarrthóirí, a bhíonn ag síorathrú, san áireamh i réimse iomaíoch. |
| Michelle Noone, Ceannasaí na hEarcaíochta Sinsearaí agus Feidhmeannaí | Modhanna cuardaithe ar leith a úsáid chun sár-iarrthóirí a aithint do cheapacháin mar Ardfheidhmeannaigh agus ag leibhéal Boird. Freagrach as bealach isteach agus próiseas oscailte, éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar chun daoine den scoth a aithint d'Airí ionas gur féidir iad a mheas agus a cheapadh ar Bhoird Stáit. |
| Rosemarie O'Mahony, Ceannasaí an Athraithe Dhigitigh, na Straitéise agus na Nuálaíochta | Maoirseacht a dhéanamh ar straitéis a bhaint amach ionas go mbaineann an tSeirbhís um Cheapacháin a haidhmeanna amach agus ionas go bhfuil sí réidh chun dul ngleic le dúshláin agus chun deiseanna a thapú ar bhealach éifeachtach chun cur lenár seirbhísí. Maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar Chlár |

| | |
|---|---|
| | Athchóirithe Dhigitigh na heagraíochta chun féachaint chuige go seasfaidh ár réitigh agus ár seirbhísí TF an aimsir, chun feidhmíocht eagraíochta a fheabhsú, agus chun stádas a bhaint amach don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí mar cheannaire san earcaíocht dhigiteach. |
| Róisín Walsh, Ceannasaí Rannóg na nDaoine agus an Chultúir | Treoir a thabhairt maidir le straitéisí a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheas a bhaineann le daoine, a thacaíonn leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, i dtaca lenár bhfís, ár misean agus ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. |

### *Struchtúr na hEagraíochta*

Déanann Aonad na Seirbhísí Earcaíochta agus Roghnaithe (ASER) na príomhfheidhmeanna gnó. Tá aon fhoireann earcaíochta déag i gceist in ASER chomh maith le dhá fhoireann imréitigh agus sannta, agus tá Bainisteoir Earcaíochta i gceannas ar gach foireann. Tá príomhfhreagracht ar leith ar gach foireann ach tá an struchtúr solúbtha go leor chun díriú ar acmhainní nuair atá éileamh mór i gceist am ar bith. Tá foireann speisialtachta freagrach as próiseas na mBord Stáit.

Tugann aonaid tacaíochta na hOifige cabhair d'ASER: Seirbhísí Measúnaithe, Cuardach Feidhmeannach, Margaíocht agus Cumarsáid, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, Teicneolaíocht Faisnéise, Airgeadas, Caidreamh le Cliaint agus le hIarrthóirí, Tacaíocht Ghnó agus Bainistíocht Saoráidí, Aonad Dlí agus Aonad Bhaill na mBord Roghnaithe, Daoine agus Cultúr, Comhlíonadh agus Dearbhú Cáilíochta, Anailísíocht Sonraí, agus Seirbhísí Tionscadail.

### *An Coiste Iniúchta*

Is iad seo thíos baill reatha an Choiste Iniúchta:

**Cathaoirleach**

Iníon Clare McGrath, Iar-Chathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí

**Baill**

Iníon Anne-Marie Taylor, Comhairleoir Bainistíochta (ainmnithe don Bhord)

An tUasal Tom Young, Iar-Stiúrthóir BNY Mellon

Iníon Geraldine Kelly, Iar-Stiúrthóir, Réitigh Charbóin, BSS Idirnáisiúnta

Comhlíonann an Coiste Iniúchta feidhmeanna maidir leis na réimsí seo a leanas:

- Rialáil Inmheánach
- Rialáil agus Bainistíocht Riosca
- Iniúchadh Inmheánach
- Iniúchadh Seachtrach
- Bainistíocht Airgeadais
- Feidhmeanna Tuairiscithe

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire le linn 2019, ar an 20 Bealtaine, ar an 25 Meitheamh, ar 24 Meán Fómhair agus
ar an 10 Nollaig.

Dhírigh an Coiste ar a ról a fhorbairt maidir le tacaíocht sa bhreis a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta i ngach gné den fheidhm iniúchta inmheánaigh. Sceidealaíodh ceithre Iniúchadh, ón bPlean Straitéiseach um Iniúchtaí, don bhliain 2020, agus bhí ceann a bhí sceidealaithe don bhliain 2019 le déanamh chomh maith.

Cuireadh cúig iniúchadh faoi bhráid an Choiste Iniúchta le linn 2020.

Rinneadh na comhpháirtithe iniúchta inmheánaigh na cúig thuarascáil iniúchta seo a leanas le linn 2020 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúchta iad:

- Comhionannas agus Éagsúlacht
- Bainistíocht Riosca
- Tuairisciú Airgeadais
- Bainistíocht Acmhainní
- Caighdeánú

### *Bainistíocht Riosca*

Forbraíodh Creatlach Bainistíochta Riosca agus Polasaí Bainistíochta Riosca atá oiriúnach don oifig. Déanann Grúpa Bainistíochta Riosca inmheánach maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus ar mhonatóireacht an phróisis seo. Tuairiscíonn an Grúpa don Choiste Iniúchta Inmheánaigh ag gach cruinniú agus tugtar eolas faoi rioscaí reatha atá ag an eagraíocht don Choiste Iniúchta agus don Bhord ag gach cruinniú. Pléitear riosca tábhachtach go dian ag gach cruinniú den Choiste Iniúchta agus den Bhord. Rinneadh athbhreithniú ar an gClár Riosca Corparáideach in 2020. Pléann an Bord Bainistíochta é go rialta. Is iad seo a leanas na príomhrioscaí atá ann don eagraíocht faoi láthair: an leanúnachas gnó; spriocanna eagraíochta/éilimh na gcliant a bhaint amach/a chomhlíonadh; comhlíonadh leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus um Shaoráil Faisnéise; agus go mbeidh tionchar diúltach ag an mBreithiúnas Schrems II ar réimse gníomhaíochtaí gnó. Tá roinnt mhaith ama caite agus roinnt mhaith acmhainní úsáidte chun na ceithre phríomhriosca seo a laghdú.

- **An riosca atá ann go gcuirfidh imeacht mór nach bhfuil smacht ag an tSCP air (m.sh. paindéim, dóiteán, tuile, cliseadh suntasach cumhachta, oibreacha tógála seachtracha) isteach go mor ar sheirbhísí agus/nó go gcaillfear sonraí tábhachtacha dá bharr**

  Tá na struchtúir agus na próisis riachtanacha uilig curtha i bhfeidhm ag an tSCP chun dul i ngleic leis an réimse riosca seo agus chun bainistíocht a dhéanamh air ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear struchtúir don leanúnachas gnó agus do ghearchéim a bhainistiú. Mar fhreagairt ar an ngéarchéim atá ar siúl faoi láthair, tá gach ball foirne ullmhaithe chun obair a dhéanamh ó chian agus tá gnó á sholáthar ó chian ar bhonn leanúnach agus déantar athruithe cuí chun dul i ngleic le cúinsí atá ag síorathrú agus le haiseolas ó gach grúpa custaiméirí. Ina theannta sin, tá tionscadail agus tosaíochtaí straitéiseacha á bhforbairt ag an tSCP, mar aon leis na seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil do chliaint agus don rialtas.

- **An riosca atá ann nach mbeidh an tSCP in ann gach sprioc eagraíochta a bhaint amach nó freastal ar riachtanais uilig na gcliant.**

  De bharr gur athraíodh cleachtais agallaimh agus tástála toisc go bhfuil daoine ag obair ón mbaile, tá gá le tacaíocht riaracháin sa bhreis. Baineann sé seo, go pointe áirithe, leis an tacaíocht atá ag teastáil roimh agus i ndiaidh agallamh, ach baineann sé chomh maith leis na

sceidil agallaimh, atá níos faide anois toisc go gcaithfear líon níos lú iarrthóirí a chur faoi agallamh gach lá, rud a chiallaíonn go bhfuil sceideal agallaimh níos faide i gceist i ngach comórtas agus go bhfuil riachtanais tacaíochta sa bhreis ann. Glacann baill foirne de chuid na SCP le róil mar Ionadaithe na SCP agus mar Bhaill de Bhoird Roghnaithe níos minice anois mar gheall ar na dúshláin a bhaineann leis an roghnú ó chian.

Déanann an Grúpa Acmhainní, atá mar fhoghrúpa den Bhord Bainistíochta, athbhreithniú ar acmhainní ar bhonn leanúnach agus aithníonn sé príomhróil a bhfuil sé riachtanach iad a líonadh trí shoghluaiseacht inmheánach nó trí mhodhanna eile. Déanann an tSCP teagmháil le cliaint nuair a ghlacann sí le hobair sa bhreis chun maoiniú a aontú do bhaill foirne a chabhróidh leis an obair sin, agus beidh sé sin ar siúl in 2021 chomh maith. Ina theannta sin, chuir an tSCP múnlaí agus próisis earcaíochta éagsúla i bhfeidhm, agus déantar athbhreithniú leanúnach ar fheachtais, féachaint an féidir próisis a athdhearadh chun leibhéal na n-acmhainní atá ag teastáil chun an feachtas a reáchtáil a laghdú.

Cuireadh creatlach i bhfeidhm chomh maith i dtaca le níos mó teagmhála a dhéanamh le cliaint faoin bpleanáil don lucht saothair agus i dtaca le heolas sa bhreis a thabhairt do chliaint faoi phainéil chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais na gcliant agus chun feachtais a chur in ord tosaíochta. Déantar níos mó cumarsáide le cliaint i dtaca le cumas/sceidil sula gcuirtear tús le feachtais áirithe agus le linn an phróisis.

- **An riosca atá ann go gcuirfear i leith an SCP nach bhfuil sí ag cloí leis an reachtaíocht um chosaint sonraí agus um shaoráil faisnéise**

Forbraíodh réimse doiciméad inar cuireadh san áireamh dualgais faoin Reachtaíocht nua um Chosaint Sonraí (Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018) agus foilsíodh iad ar an suíomh gréasáin publicjobs.ie i mí Bhealtaine 2018. Déantar leasuithe ar na doiciméid seo gach sé mhí agus foilsítear an t-eolas is déanaí ar an suíomh gréasáin. Tá an tOifigeach Cosanta Sonraí ag obair, don dara bliain, ar phlean dhá bhliain um chosaint sonraí a chur i bhfeidhm chun cur leis an gcur chuige i leith na cosanta sonraí agus i leith an rialachais eolais sa tSCP. Cuireadh próiseas leasaithe maidir le Measúnuithe Riosca i dtaca le hImpleachtaí ar an bPríobháideachas a dhéanamh i bhfeidhm agus úsáidtear é sula gcuirtear tús le haon tionscadal nua nó sula dtugtar isteach modhanna nua chun sonraí a phróiseáil. Dhear

agus chuir an tOifigeach Cosanta Sonraí oiliúint speisialtachta i réimse na cosanta sonraí ar fáil do bhaill foirne na SCP, a bhain le príomhghnéithe den chosaint sonraí. Cuireadh líonra d'Oifigigh Teagmhála um Chosaint Sonraí i bhfeidhm, agus spreagfar iad chun freastal ar na seisiúin oiliúna, atá fós ar siúl. Rinne baill foirne oiliúint sheachtrach a bhain le sonraí a chosaint agus iad ag obair ó chian chomh maith.

- **An riosca atá ann go mbeidh tionchar diúltach ag Breithiúnas Schrems II ar réimsí gníomhaíochtaí gnó agus ar an úsáid a bhaintear as soláthraithe seachtracha chun seirbhísí tábhachtacha éagsúla a chur ar fáil**

  Tá scrúdú á dhéanamh ag an Oifigeach Cosanta Sonraí ar an mbreithiúnas, ó thaobh comhlíonta de, agus tá comhairle á lorg i dtaca le próiseálaithe nó soláthraithe nua ionchasacha sonraí, agus tá cabhair á tabhairt don Oifigeach Cosanta Sonraí chun a chinntiú go gcloíonn ár nósanna leis an mbreithiúnas. D'oibrigh an tOifigeach Cosanta Sonraí le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun comhaontú próiseála sonraí a fhorbairt, ina dtugtar sainordú go gcaithfidh an phróiseáil cloí leis an RGCS; sa chás go mbaintear úsáid as creatlach de chuid na hOSR, tugtar sainordú sa chonradh go gcaithfidh an phróiseáil cloí leis an RGCS. Déantar measúnú comhlíonta ar gach soláthraí nua anois sula gcuirtear conarthaí i gcrích. Rinne an tOifigeach Cosanta Sonraí cur i láthair do gach bainisteoir sinsearacha chun béim a leagan ar na bearta ar chóir dóibh a chur i bhfeidhm ag an bpointe seo chun a chinntiú go gcloíonn an eagraíocht leis an mBreithiúnas seo; tá measúnú á dhéanamh ag an bhFoireann Ardbhainistíochta ar an gComhlíonadh. D'fhorbair an tOifigeach Cosanta Sonraí oiliúint chun cabhrú le foirne measúnú a dhéanamh ar an gcomhlíonadh mar chuid den soláthar ar bhonn leanúnach. Chuir an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (BECS) treoir ar fáil maidir leis an gcaoi ar chóir d'eagraíochtaí a chinntiú go gcloíonn siad le breithiúnas Schrems II, i dtaca leis an aistriú sonraí idirnáisiúnta. Tá an treoir seo díreach mar an gcéanna ó thaobh feidhme de, leis an treoir a chuir an tOifigeach Cosanta Sonraí ar fáil don fhoireann bhainistíochta mar thoradh ar an gcinneadh sin i mí Iúil, agus, mar sin, tá an tSCP réidh chun na moltaí seo a chur i bhfeidhm.

### *Cosaint Sonraí*

Tá sonraí riachtanach do ghnó riaracháin. Bailíonn an eagraíocht sonraí pearsanta ónár n-iarrthóirí, ó bhaill dár mboird roghnaithe, ó sholáthraithe agus ó bhaill foirne agus, sa mhéid sin, tá dualgas

orainn iad a úsáid go héifeachtach agus go heiticiúil. Cé go bhfuil ceart ag an duine aonair ar phríobháideachas, ag an am céanna tá riachtanais chuí ghnó ag an tSCP agus ní mór do gach ball foirne a bheith aireach faoi na cearta sin agus na caighdeáin is airde a chur i bhfeidhm sa chomhthéacs sin. Nuashonraíodh an Cód Cleachtais maidir le Sonraí Pearsanta a Chosaint agus cuireadh sin in iúl do bhaill foirne.

Ó thosaigh paindéim Covid-19, thuig an tSCP an tábhacht a bhain lena chinntiú gur cuireadh an rialachas eolais agus an chosaint sonraí san áireamh mar phríomhghné de nósanna nua a forbraíodh chun ligean do bhaill foirne obair a dhéanamh ó chian agus chun tacú le freagairt an Rialtais ar an ngéarchéim. I mí an Mhárta 2020, ghlac an tOifigeach Cosanta Sonraí sa phlé ar na féidearthachtaí a bhí ann i dtaca le cuir chuige i leith na cianoibre, agus rinneadh Measúnacht Tionchair i dtaca le Cosaint Sonraí ar na nithe seo a leanas:

- Zoom a úsáid chun agallaimh físe agus cruinnithe inmheánacha do bhaill foirne a reáchtáil
- Cóipeanna scanta d'aitheantas fótagrafach na n-iarrthóirí a úsáid chun iad a aithint mar chuid den phróiseas agallaimh ó chian
- Cóipeanna d'aitheantas fótagrafach a fháil trí mheán an ríomhphoist (tábhachtach chomh maith sa phróiseas Imréitigh)
- SurveyMonkey a úsáid do scéimeanna um cheapacháin shealadacha.

Mar aon leis sin, d'fhorbair an tOifigeach Cosanta Sonraí treoirlínte chun a chinntiú go mbeadh baill foirne agus Boird Agallaimh a bhí ag obair ó chian ar an eolas faoina bhfreagrachtaí i dtaca le cosaint sonraí, lena n-áirítear:

- Nodanna i dtaca le hagallaimh a dhéanamh ó chian
- Sharefile a úsáid agus iad ag obair ó chian
- VPN nó Citrix a úsáid chun obair a dhéanamh
- Nodanna faoin gcaoi ar féidir sárú i dtaca leis an gcosaint sonraí a sheachtaint agus iad ag obair ón mbaile

Rinneadh measúnú ar thionscadal Bainistíochta Taifead in 2020, agus cuirfear tús leis sin in 2021. Mar chuid den tionscadal seo, forbrófar Teastais um Shonraí a Scriosadh do thaifid neamh-riachtanacha ó na Cartlanna Náisiúnta, chun a chinntiú go gcloíonn na comhaid atá i seilbh na SCP

leis an sceideal coimeádta; cuirfear oiliúint ar fáil do bhaill foirne bunaithe ar phróisis bhainistíochta taifead; agus cinnteofar go gcuirtear an bhainistíocht taifead san áireamh sa chóras nua bainistíochta comhad a chuirfear i bhfeidhm mar chuid de thionscadal Office 365.

### *Saoráil Faisnéise*

Tá Cinnteoir ainmnithe amháin don tSaoráil Faisnéise chomh maith le hAthbhreithneoir Inmheánach amháin (agus ionadaí amháin do gach ról sa chás go mbeadh an Cinnteoir/an tAthbhreithnitheoir Inmheánach as láthair nó páirteach san ábhar ar dhóigh ar bith) sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Seo thíos sonraí faoi iarratais Saorála Faisnéise a rinneadh in 2020.

| Cinneadh faoin Iarratas | Iomlán |
|---|---|
| Ceadaithe | 6 |
| Ceadaithe i bPáirt | 15 |
| Diúltaithe | 3 |
| Chuathas i ngleic leis an iarratas laistigh den tSaoráil Faisnéise | 4 |
| Tarraingníodh an t-iarratas siar | 2 |
| **Móriomlán** | **30** |

D'fhoilsigh an tSCP Scéim Foilseacháin leasaithe in 2020 agus tá seo ar fáil ar www.publicjobs.ie.

### *Comhlíonadh le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003*

Clúdaíonn an Scéim Teanga reatha an tréimhse 2017 go dtí 2020. Bhí ábhar na Scéime seo bunaithe ar threoirlínte an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus bunaíodh an t-ábhar ar ár dtaithí maidir le geallúintí sa Scéim a bhí i bhfeidhm go dtí 2017 a sholáthar; ar na haighneachtaí a fuarthas ón bpobal; ar aiseolas leanúnach ó chustaiméirí; ar athbhreithniú ar leibhéal an éilimh do sheirbhísí trí Ghaeilge agus ar mholtaí ó bhaill foirne. Comhlíonann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí na dualgais seo ar bhonn leanúnach agus cuireann siad leis an dul chun cinn a rinneadh le linn na scéime deiridh.

Coinníonn an Bord Bainistíochta súil ar oibriú éifeachtach na Scéime. Tá ardbhainistíocht na heagraíochta freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an Scéim ó lá go lá. De réir mar a athraíonn ról na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí le himeacht ama, déanfar gach iarracht úsáid a bhaint as gach deis a tharlaíonn chun an tseirbhís a sholáthraítear don phobal trí Ghaeilge a leasú.

### *Comhlíonadh le Cóid Chleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP)*

Comhordaíonn an fheidhm chomhlíonta sa tSCP an próiseas athbhreithnithe faoi Chóid an CCSP. Tá córas i bhfeidhm chun beart a dhéanamh de réir thorthaí na n-athbhreithnithe seo chun gur féidir feabhas a chur go leanúnach ar na próisis ghnó agus ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil.

Sa phróiseas athbhreithnithe, déantar athbhreithniú ar gach eolas ábhartha, chun a chinntiú go gcuirtear eolas criticiúil ar fáil, agus chun tuiscint a fhorbairt ar an bpróiseas atá i gceist sa chomórtas áirithe atá faoi athbhreithniú. Déantar comhairliúchán le baill de bhoird roghnaithe sa chuid is mó de chásanna. Is féidir leis an Athbhreithneoir, ó am go ham, moltaí a dhéanamh bunaithe ar thoradh an athbhreithnithe. De ghnáth, déantar na moltaí don Ghrúpa Caighdeáin inmheánach. Seo thíos achoimre ar líon agus ar chineál na n-achomharc . Próiseáladh 251 iarratas ar fad ar athbhreithniú/achomharc in 2020 mar seo a leanas:

| **Alt 7** | **Alt 8** | **Taobh Amuigh de na Cóid** |
|---|---|---|
| 229 | 18 | 4 |

As 251 iarratas a fuarthas, d'éirigh le hiarrthóirí i 24 chás agus athraíodh an chéad chinneadh a rinne an tSCP.

### *Clár Feabhsaithe Caighdeáin*

In 2020, lean an tSCP leis an bpróiseas chun córas bainistíochta caighdeáin a chur i bhfeidhm sa tSCP, ina bhfuil foireann Riaracháin Caighdeáin i bhfeidhm. Cuireann na ceachtanna a foghlaimíodh ón athbhreithniú a rinneadh faoi Chóid Chleachtais an CCSP leis an bpróiseas caighdeáin, mar aon le athbhreithniú cuimsitheach caighdeáin ar na fadhbanna atá san eagraíocht (agus ar "neas-timpisití").

### *An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014*

De réir Ailt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, caithfear tuarascáil a fhoilsiú gach bliain a bhaineann le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe sin agus, ina theannta sin, caithfear eolas a fhoilsiú a bhaineann le bearta a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt ar nochtuithe cosanta a rinneadh.  Ní bhfuair an tSCP aon nochtadh cosanta in 2020.

# AGUISÍN 1

| Achoimre ar Ghníomhaíocht Earcaíochta 1 Eanáir - 31 Nollaig 2020 |
|---|
| **Lion na bhFeachtas a Fógraíodh** |
| 358 |

| | Líon Iarratas | Líon a Ceapadh / a Moladh |
|---|---|---|
| Oifigeach Cléireachais Sealadach | 9,907 | 1,565 |
| Oifigeach Cléireachais | 26,356 | 1,388 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 15,104 | 493 |
| Oifigeach Riaracháin | 5,912 | 134 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | - | 61 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 3,951 | 112 |
| Príomhoifigeach | - | 45 |
| **Iomlán** | **61,230** | **3,798** |

| | | |
|---|---|---|
| Earcaíocht Ardfheidhmeannach | 865 | 16 |
| An Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil | 2,113 | 10 |
| Earcaíocht Ghairmiúil/Theicniúil/Speisialtachta | 7,776 | 560 |
| Rialtas Áitiúil | 3,028 | 113 |
| Lianna Comhairleacha Leighis | 470 | 107 |
| Boird Stáit | 2,453 | 138 |
| Boird neamh-Stáit | - | - |
| Comórtas ina mbíonn líon mór Iarratas (níl na príomhghráid san áireamh) | 4,164 | 144 |
| Earnáil an Dlí agus an Chirt | 3,813 | 345 |
| Aonad don Earcaíocht Shealadach | 19 | 9 |
| **Iomlán** | **24,701** | **1,442** |
| **Móriomlán** | **85,931** | **5,240** |

## Aguisín II – Tuairisciú Inbhuanaitheachta

## Achoimre ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2020

Baineann úsáid fuinnimh den chuid is mó le téamh/soilsiú agus uisce a chur ar fáil san oifig in Áras na Caibidle.

In 2020, úsáideadh 640 MWh d'fhuinneamh mar a leanas:

427 MWh leictreachais;

213 MWh de bhreoslaí iontaise;

## Gníomhaíochtaí a Rinneadh sa bhliain 2020

In 2020 rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí bearta éagsúla chun úsáid fuinnimh a fheabhsú, mar seo a leanas:

- Baill foirne a chur ar an eolas faoi fhuinneamh a shábháil trí fhógraí agus trí mheabhrúcháin faoi fhuinneamh a úsáid;
- Trealamh nach bhfuil in úsáid a mhúchadh;
- Súil ghéar agus srian a choinneáil ar úsáid fuinnimh, lena n-áirítear idirghabháil de láimh le rialtáin an chórais téasa;
- Rialtáin ama ar fhearas mór oifige;
- Soilse LED ísealfhuinnimh a chur isteach in ionad feistithe solais briste;
- Ardaitheoirí in Áras na Caibidle a uasghrádú.

## Gníomhaíochtaí atá pleanáilte do 2021

Tá sé beartaithe ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí sa bhliain 2021 feabhas a chur ar úsáid fuinnimh mar a leanas:

- Baill foirne a choinneáil ar an eolas go leanúnach maidir le fuinneamh a shábháil;
- Idirghabháil a dhéanamh de láimh sa Chóras Teasa trí úsáid a bhaint as rialtáin CBF ó chian nuair is gá;

- An Córas Aerchóirithe a uasghrádú agus aonaid níos éifeachtaí, ó thaobh fuinnimh de, a chur isteach ar Urlár 3;
- Soilse a uasghrádú le feistithe LED agus braiteoirí a aithníonn gluaiseacht ar Urlár 3.

## Soláthar Poiblí Glas

Is próiseas é an Soláthar Poiblí Glas a úsáideann údaráis phoiblí chun iarracht a dhéanamh earraí, seirbhísí nó oibreacha a sholáthar ar bhealach a laghdaíonn an tionchar a bheadh acu ar an timpeallacht. Cuirtear béim i gCiorclán 20/10 - Cúinsí Timpeallachta agus Sóisialta i dtaca leis an Soláthar Poiblí a chur Chun Cinn, ar thosaíocht an Rialtais i dtaca leis an Soláthar Poiblí Glas a chur chun cinn. Cuireann an Ciorclán iachall ar eagraíochtaí machnamh a dhéanamh ar chritéir 'ghlasa' a chur san áireamh ina bpróisis soláthair.

Baineann an tSeirbhís um Cheapacháin úsáid as Creatlaí de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais nuair is féidir. Sa chás nach bhfuil creatlach oiriúnach ann, déanann an tSCP a soláthar féin agus caithfidh gach duine atá freagrach as buiséad cloí le Nósanna Soláthair na SCP. Cuireann na Nósanna seo béim ar an tábhacht a bhaineann leis an Soláthar Poiblí Glas.

In 2020, rinneadh tagairt don ghealltanas seo san Iarratas ar Eolas a eisíodh i dtaca le Tionscadal Nova. Rinneadh tagairt dó chomh maith san Iarratas ar Thairiscintí i dtaca le Seirbhísí Priontála Bainisithe, agus cuireadh iachall ar bhaill den chreatlach cur síos a dhéanamh ar na teastais timpeallachta a bhí acu nó na caighdeáin a bhain na huirlisí molta amach ina bhfreagra.

## AGUISÍN III

**Ráiteas ar an Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht as Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, glacaim leis an bhfreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais á chothú agus á oibriú sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Cuirtear an fhreagracht seo i bhfeidhm faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil dom agus faoi réir na ndualgas eile atá orm mar Cheannasaí na hOifige. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach a dhearbhú go réasúnach agus ní go daingean go bhfuil na hacmhainní slán, go bhfuil cead tugtha maidir le hidirbhearta agus gur taifeadadh iad i gceart, agus go gcosctar earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Déantar cothabháil ar bhonn leanúnach ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras sin agus ar a éifeachtúlacht.

Tá mo chuid dualgas maidir le riachtanais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus Oifig na Seirbhísí Náisiúnta Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte (m.sh. Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Párolla) a sholáthar comhlíonta agam.  Tá mé ag brath ar litir dheimhnithe ó oifigeach cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go gcuirtear na rialacháin chuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Is mar seo thíos atá maidir leis an réimse rialaithe airgeadais, an gcreat nósanna imeachta riaracháin, an tuairisciú bainistíochta agus an iniúchadh inmheánach.

***Réimse Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil réimse rialaithe agus na nithe seo san áireamh i bhfeidhm.

- Tugadh freagrachtaí airgeadais amach ag leibhéal bainistíochta chomh maith le cuntasacht dá réir
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar tugadh freagracht as bainistíocht airgeadais

- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go gcuirtear an ghníomhaíocht chuí i bhfeidhm lena cheartú
- Tá Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm chun comhairle a thabhairt dom agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas i leith an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais
- Tá taifeadadh déanta ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialú Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta in áit, lena n-áirítear dualgais a bheith deighilte agus córas tarmligin agus cuntasachta. San áireamh, tá na gnéithe seo a leanas.

- Tá córas cuí buiséadaithe agus buiséad bliantúil ann agus déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéis
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- Tá córais i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na córais TFC slán
- Tá treoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil i bhfeidhm chomh maith le córais fhoirmiúla do bhainistíocht tionscadal.
- Cinntíonn an oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar gach treoirlíne ábhartha, seachas i gcás conartha amháin a bhfuil luach €58,778 air.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá faofa agamsa. Tá an obair bunaithe ar anailís a rinneadh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí neamhchosanta ina n-aghaidh agus tá na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm go gclúdóidh na pleananna seo na príomhrialuithe ar bhonn atrátha ar feadh tréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ngníomhaítear ar na tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Cinntíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar gach treoirlíne ábhartha Bhí conradh amháin a bhí gníomhach le linn 2020 ar luach €58,778 nár chloígh go hiomlán leis na treoirlínte.

De réir an Nóta Eolais maidir le Covid-19 (Coróinvíreas) agus Soláthar Poiblí, a foilsíodh ar an 22 Márta 2020, agus de bharr phráinn an riachtanais seo, faomhadh ag leibhéal an Bhoird Bhainistíochta go ndéanfaidh an tSCP teagmháil láithreach le díoltóir seachtrach oiriúnach chun na hamlínte a bhí i bhfeidhm maidir leis an tionscadal seo a sholáthar a laghdú chun córas a chur ar fáil chun tacú leis an Scéim um Cheapacháin Shealadacha. Dá dtabhardaí faoi phróiseas iomlán soláthair i gcás den chineál seo, bheadh moill ar sholáthar an réitigh theicniúil, agus, dá bharr, bheadh riosca dochosanta i gceist maidir leis an gcóras a chur ar fáil in am chun dul i ngleic le haon bhorradh i líon chásanna Covid-19 a d'fhéadfadh tarlú.

Chuir an tSCP sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2020 chuig an Ardreachtaire agus an Ard-Iniúchóir agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat Riosca agus Rialachais***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn rioscaí tábhachtacha agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leo, agus an oiread agus is féidir na rioscaí sin a laghdú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Oifig agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an gclár agus ceartaíonn siad é gach ceathrú. Úsáidtear torthaí na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistíocht ar rioscaí ag leibhéal sásúil. Léiríonn an clár riosca na rialacháin agus na gníomhaíochtaí a theastaíónn chun rioscaí a laghdú chomh maith le freagracht a thabhairt do bhaill foirne ar leith maidir le rialú a stiúradh.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialachais in iúl dóibh siúd atá freagrach as iad a cheartú agus don Bhord Bainistíochta, más cuí agus in am. Deimhním gur aithníodh rióscaí tábhachtachta agus gur cuireadh rialachas ábhartha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar an bpríomhrialachas seo agus easnaimh ar bith a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm san Oifig le súil a choinneáil ar chomh héifeachtach atá nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe (a ndéantar plé orthu sa chéad chuid eile). Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hoifige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus lucht ardbhainistíochta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Ceisteanna faoi Rialú Inmheánach Airgeadais***

In iniúchadh inmheánach ar Bhainistíocht Sócmhainní a rinneadh go déanach sa bhliain 2020, aithníodh roinnt réimsí ar féidir feabhas a chur orthu in 2021; déanfar dul chun cinn maidir leis na cinn a bhaineann go príomha le nósanna a dhoiciméadú láithreach bonn, agus baineann an chuid eile de na moltaí le huasghrádú ár gCórais Bhainistíochta Airgeadais, a chuirfear i gcrích, de réir na meastachán, i lár 2021.   Rinneadh Iniúchadh Inmheánach ar Chuntasaíocht agus Thuairisciú in 2020 chomh maith, agus cuireadh na moltaí uilig i bhfeidhm, seachas an moladh a bhaineann chomh maith le huasghrádú an Chórais Bhainistíochta Airgeadais.

Níor aithníodh aon laige eile i rialú inmheánach airgeadais i dtaca le 2020 ar gá iad a fhoilsliú sa chuntas leithreasa.

**Shirley Comerford**

Oifigeach Cuntasaíochta

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

31 Márta 2021